

Tuarascáil Bhliantúil 2020



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Arna fhoilsiú den chéad uair i mí Iúil 2021 ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Iúil 2021

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feachtas ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

ISBN 978-1-913492-06-9

Tuarascáil Bhliantúil 2020



**Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas**
Irish Human Rights and Equality Commission

	Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	4
	Teachtaireacht ón gCoimisiún	5
	Cé Muid Féin	8
	Comhaltaí an Choimisiúin in 2020	9
	Tuarascáil ar Ghníomhaíocht	10
1	Ceartha na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint	12
	Eolas a Thabhairt do Dhaoine Aonair faoina gCeartha	13
	Cúnamh Dlí a Sholáthar do Dhaoine Aonair	16
	Ag Dul i nGleic le Fógraíocht Idirhealaitheach	23
	Ag Feidhmiú mar <i>Amicus Curiae</i> & Idiragraí Tríú Páirtí	24
2	Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas	28
	Ceartha an Duine, Comhionannas agus Covid-19	29
	Ráitis Beartais agus Aighneachtaí Eile	31
	Monatóireacht Conartha ar Chearta an Duine agus Comhionannas	34
	I bhfócas: Ról Nua mar Rapóirtéir Náisiúnta na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc	35
	Fianaise chun Bonn Eolais a chur faoi Bheartas agus Cleachtas	36
	I bhfócas: Hidden Versus Revealed Attitudes: A List Experiment on Support for Minorities in Ireland	36
	I bhfócas: Dúshlán Thionchar an Bhreathnaithe ar Chearta an Duine agus Comhionannas a Thabhairt	38
	Cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Ceartha an Duine a chur chun cinn	39
	Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais	42
	I bhfócas: Measúnú ar na hAthbhreithnithe Comhionannais a rinne Údaráis Áitiúla ar Chóiríocht don Lucht Siúil	42
	Cóid Chleachtais a Ullmhú	45
3	Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine	46
	Rannpháirtíocht leis an tSochaí Sibhialta	47
	Ár Spás Poiblí	48
	An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais	48
	An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí	49
	Ár Scéim Deontas a Úsáid chun Tacú leis an tSochaí Shibhialta agus le Daoine a bhfuil Ceartha acu	49

4	Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú	54
	Obair Feasachta Poiblí	55
	I bhfócas: Cur i gcoinne an chiníochais in Éirinn – “Because we’re all human. Means we’re all equal”	55
	An Coimisiún sna Meáin	56
	Comhdhálacha agus Imeachtaí	59
	I bhfócas: Beart Leantach CERD chun Béim a Choinneáil ar Mholtaí	59
	Rannpháirtíocht i nGréasáin Idirnáisiúnta	60
5	5 Rialachas Corparáideach agus Struchtúr	62
	An Coimisiún	63
	Rialachas	66
	Foireann an Choimisiúin	66
	Maoiniú agus Bainistíocht Airgeadais	67
	Nochtadh Cosanta	68
	An tAcht um Míchumas, 2005	68
	An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014	68
	Forléargas ar Úsáid Fuinnimh	69
6	Tuairisc faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine)	70
	Aguisíní	73
	Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin le haghaidh 2020	74
	Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin	78
	Aguisín 3: Freastal ar Choistí	79
	Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin	80
	Aguisín 5: Nochtadh Airgeadais Breise	81
	Aguisín 6: Foilseacháin	83
	Aguisín 7: Scéim Deontas	85
	Aguisín 8: Sonraí ‘Do Chearta’	90

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuirim faoi bhráid Thithe an Oireachtais tuarascáil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas de bhun alt 28(1) den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020.



Sinéad Gibney
An Príomh-Choimisinéir

Teachtaireacht ón gCoimisiún

Ní fhacthas bliain ar nós 2020 riamh cheana. Bhí géarchéim phaindéim Covid-19 le sárú ag ár sochaí dhomhanda nach bhfuil cosúil le haon ghéarchéim eile le cuimhne na ndaoine. Chuaigh sí i bhfeidhm ar shaol gach duine ar bhealaí difriúla, ag léiriú go raibh éagothroidimí ollmhóra inár sochaí, ag cur le roinnt den éagothroidime agus ag cur iallach ar an Stát aghaidh a thabhairt ar éagothroidime eile go práinneach.

Ba mheasa an ghéarchéim seo do mhná, a ghlac níos mó de na dualgais ag an mbaile orthu féin agus iad i mbun oibre sa bhaile agus scolaíocht bhaile, a d'fhulaing níos mó foréigean baile agus tionchar níos mó de bharr caillteanas oibre, toisc gurb iad is mó a bhíonn fostaithe in obair neamhchinnte agus pháirtaimseartha.

Agus b'éigean dóibh siúd a bhí i ngreim ag an mbochtaineacht nó a bhí i mbaol na bochtaineachta, dul i ngleic, mar a bhí riamh, le géarchéim níos measa ná daoine eile. Bíonn sé níos deacra cloí le bearta sláinte poiblí i ndrochdhálaí maireachtála, go háirithe i gcás plódaithe. Tá go leor daoine ar an taobh mícheart den deighilt dhigiteach freisin, mar a raibh an t-aistriú go seirbhísí ar líne, a rinne an ghéarchéim níos éasca do go leor dinn, teoranta nó dodhéanta i gcásanna áirithe. Agus i gcás daoine a chónaíonn i Soláthar Díreach, chruthaigh a ndálaí maireachtála nochtadh níos mó ar an víreas. D'éirigh go maith leo siúd atá faoi ghéibheann inár bpríosún ó thaobh an ionfhabhtaithe de, ach d'fhulaing siad mar gheall ar na srianta méadaithe sin agus an t-anró a chruthaigh siad.

Maidir le daoine atá faoi mhíchumas, tarraingíodh siar seirbhísí orthu, rud a bhí tubaisteach, agus a chruthaigh marbhántacht nó fiú cúlú do roinnt, agus leithlisiú uafásach do go leor eile. Chuaigh an t-aistriú go hoideachas

digiteach i bhfeidhm ar pháistí ag a bhfuil riachtanais shonracha oideachais, aistriú a d'fhág iad, go minic, gan fáil ar oideachas cuí.

Gan amhras, ba iad an grúpa ba mhó a ndeachaigh an víreas seo i bhfeidhm orthu na daoine scothaosta inár bpobal. Ba dhaoine os cionn 65 bliain d'aois 92% díobh siúd a fuair bás le Covid-19. Léirigh na rátaí báis mar gheall ar Covid-19 a bhí i bhfad ró-ard agus díréireach i dtithe altranais agus i suíomhanna cruinnithe eile nach réiteach inmharthana cónaitheacha iad sin don ré seo.

Spreag Covid-19, go háirithe ag an tús, freagairt iontach ón bpobal. Músclaíodh ár ndlúthpháirtíocht nuair a thuigamar chomh tromchúiseach agus a bhí cúrsaí, agus an fhreagairt a theastaigh uainn ar fad. Agus ár n-oibrithe túslíne ag tabhairt faoin dúshlán sláinte poiblí is mó de chuid na linne seo, d'fhreagair pobal oibrithe deonacha, ag cur bia ar fáil d'oibrithe agus seirbhísí riachtanacha do dhaoine leochaileacha inár bpobal. Agus d'fhreagraíomar ar fad do na bearta sláinte poiblí, agus muid ar fad ag cur leis an iarracht choiteann chun an víreas a chloí.

Ach oiread le gach áit oibre eile, b'éigean don Choimisiún freagairt don phaindéim agus do na srianta, ag athrú an chaoi a n-oibrímid agus an méid a d'fhéadfaimis a dhéanamh. Cosúil le go leor eagraíochtaí eile, cuimsíodh leis sin ár n-oibríochtaí ar fad a bhogadh ar líne, leis na dúshláin a chruthaíonn sé sin don fhoireann atá i mbun cianoibre. Dhíríomar freisin ar na dúshláin shonracha a chruthaigh an phaindéim.

Áiríodh leo sin:

- » Athbhreithniú molta ar chreat teorach na Roinne Sláinte maidir le tús áite a thabhairt do rochtain ar chúram criticiúil i gcomhthéacs Covid-19 chun a chinntiú go gcomhlíonann an treoir thábhachtach sin na caighdeáin is airde de chomhlíontacht chearta an duine agus comhionannais.

- » Na fadhbanna sonracha a bhí le sárú ag daoine atá faoi mhíchumas i rith na géarchéime seo, go háirithe maidir le tionchar fhreagairt Covid-19 ar chearta daoine i suíomhanna cúraim chónaithe; ar sholáthar seirbhísí; agus ar thacaíochtaí pearsanta. Tháinig an Coimisiún os comhair an Choiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 chun na ceisteanna sin a phlé i mí Iúil 2020.
- » An creat reachtaíochta a bhí mar bhonn faoi na bearta urghnácha a tugadh isteach i gcaitheamh na paindéime, agus an riachtanas go mbeidís siúd dleathach, comhréireach, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach, agus faoi réir maoirseacht dhaonlathach chuí. Tháinig an Coimisiún os comhair an Choiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 chun na ceisteanna sin a phlé i mí Mheán Fómhair 2020.
- » Cumarsáid leis an nGarda Síochána ar an tábhacht ollmhór atá le trédhearcacht agus na cumhachtaí urghnácha póilíneachta a tugadh isteach i rith na paindéime á gcur i bhfeidhm, agus go sonrach an gá le sonraí imdhealaithe ar a n-úsáid a bhailiú agus a fhoilsiú. Chuir an Coimisiún a dhearcaidh in iúl freisin maidir le bearta póilíneachta eile a bhain go sonrach leis an bpaindéim, ar nós Sciatha Frith-Sheile, is é sin gur cheart go mbeidís i bhfeidhm go sealadach freisin.

Ba bhliain d'athrú suntasach é 2020 do IHREC freisin. Ghlac mé le post an Phríomh-Choimisinéara i mí Iúil, i dteannta grúpa gnáth-Chomhaltaí Coimisiúin; seisear nua – Kathleen, Adam, Lucy, Jim, Rosaleen agus Michael, agus beirt a bhí ag filleadh ar an bpost – Sunniva agus Ray. I bhfianaise na tréimhse fada naoi mí idir mo théarma féin agus téarma mo réamhtheachtaí, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas ó chroí a ghabháil leis na Comhaltaí Coimisiúin a lean le hobair an Choimisiúin i rith na tréimhse sin. Úsáideadh córas sealaíochta chun ról

an Phríomh-Choimisinéara a líonadh, agus d'oibrigh mo sheisear comhghleacaithe – Frank, Salome, Colm, Heydi, Tony agus Caroline – le han-dúthracht agus díograis, ag obair go dlúth leis an bhfoireann, chun cúrsaí a choinneáil ar bun go dtí go raibh mé in ann glacadh le mo théarma oifige i ndeireadh mhí Iúil. Ba mhaith liom an deis a thapú le buíochas a ghabháil leis an iar-Chomhalta Coimisiúin Patrick Connolly, a d'fhág an Coimisiún i mí Feabhra, as an méid a rinne sé.

Mo bhuíochas freisin le mo réamhtheachtaí, Emily Logan, as an gCoimisiún a stiúradh ina chéad chúig bliana. Guím gach rath ort i do ról nua mar Choimisinéir i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

Sa tuarascáil bhliantúil seo, foghlaimeoidh tú faoin obair fhorleathan agus ilghnéitheach a rinne foireann IHREC i gcaitheamh 2020. Bíonn rath ar go leor dár gcuid oibre in imeacht roinnt mhaith blianta, mar sin tá sé tábhachtach freisin go n-aithneofaí an méid a rinne an fhoireann agus na Comhaltaí Coimisiúin atá imithe ar aghaidh go hobair eile. Tá sainordú againn mar eagraíocht cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr ina bhfuil meas agus tuiscint ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar an idirchultúrachas a chruthú. Chun an sainordú sin a chur i gcrích, baineann an fhoireann leas as cumhachtaí fairsinge dlí IHREC, raon sásraí beartais agus taighde, agus sraith ilghnéitheach tionscnamh faoi scáth na rannpháirtíochta straitéisí. In áit iarracht a dhéanamh achoimre a dhéanamh air ar fad, ba mhaith liom aird a tharraingt ar na samplaí seo a leanas den obair riachtanach agus spleodrach a rinne ár bhfoireann in 2020:

- » Ag deireadh 2020, sheolamar feachtas náisiúnta chun feasacht a mhéadú ar thionchar an chiníochais faoin mana “Because We’re all Human. Means We’re all Equal”.

» Lean ár gclár taighde ag forbairt ár mboinn fianaise faoin gcomhionannas agus cearta an duine, lena n-áirítear tuarascáil nua ar *“Hidden Versus Revealed Attitudes: A List Experiment on Support for Minorities in Ireland”*, ina ndearnadh comparáid idir meonta a cuireadh in iúl go hanaithnid agus meonta a cuireadh in iúl go hoscailte, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhfreagraíonn daoine do cheisteanna áirithe i suirbhéanna.

» Chuireamar roinnt Athbhreithnithe Comhionannais i gcrích in 2020 ar Chóiríocht don Lucht Siúil a chuireann Údaráis Áitiúla ar fáil; cleachtais agus nósanna imeachta a bhaineann le fáil ar chuntais bhainc d’iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe; agus taithí úsáideoirí seirbhísí a bhaineann leas as seirbhísí cóireála ópóidí.

Bhí deis agam oibriú lenár Stiúrthóir, Laurence Bond, cheana, i rith mo sheala féin mar an chéad Stiúrthóir ar IHREC. Ba mhór an pléisiúr oibriú ina theannta arís. Tá a phaisean, a thiomantas agus a shaineolas buan seasmhach. Ba mhór an pléisiúir idir sheanchairde agus chairde nua a fheiceáil ar an bhfoireann, agus

iad i mbun obair riachtanach IHREC. Is grúpa daoine iad seo ar mór acu an comhionannas agus cearta an duine, a bhfuil saineolas domhain agus leathan acu sna réimsí sin agus a oibríonn go dícheallach gach lá chun sochaí níos cothroime agus níos ionchuimsithí a dhéanamh d’Éirinn. Go raibh maith agaibh as an méid a dhéanann sibh.

Thug an phaindéim deis dúinn tacú le luachanna chearta an duine agus an chomhionannais ar bhealach nach raibh aon choinne leis go dtí seo. Féadann cearta an duine agus comhionannas cabhrú linn sochaí a thógáil atá níos athléimní, níos daingnithe, níos aontaithe agus níos comhionainne. Chonaiceamar a dtarlaíonn nuair a théann géarchéim i bhfeidhm ar shochaí éagothrom. Ná ligimis dó sin tarlú arís.



Sinéad Gibney
An Príomh-Choimisinéir

Cé Muid Féin

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Is é an Coimisiún institiúid náisiúnta neamhspleách na hÉireann um chearta an duine agus comhlacht náisiúnta na hÉireann um an gcomhionannas.

Ceapann an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh do dhá Theach an Oireachtais rún a rith. Feidhmíonn an Coimisiún go neamhspleách ar an Rialtas, agus ráthaítear a neamhspleáchas institiúideach ina reachtaíocht bhunaithe, ina ndéantar foráil maidir le cuntasacht an Choimisiúin dá fheidhmeanna reachtúla don Oireachtas.

Sainordú Reachtúil

Is iad feidhmeanna foriomlána reachtúla an Choimisiúin a ndéantar foráil maidir leo in alt 10 den reachtaíocht:

- » cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- » forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát,
- » tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- » dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine; agus,
- » oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscithe.

Agus é ag tabhairt faoina shainordú, ceanglaítear ar an gCoimisiún go sonrach cur le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- » sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad;
- » sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine;
- » sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscithe;
- » sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol gilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit, agus,
- » sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n-áirítear aicmí daoine, bunaithe ar chomhthuiscint ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

Comhaltaí an Choimisiúin in 2020



Thuas, ón taobh clé: Sinéad Gibney – an Príomh-Choimisinéir, Adam Harris, an tOllamh Caroline Fennell, Colm O'Dwyer SC, an Dr Frank Conaty, Heydi Foster-Breslin, Jim Clarken, an tOllamh Kathleen Lynch, an Dr Lucy Michael, Michael Finucane, an tOllamh Ray Murphy, an Dr Rosaleen McDonagh, an Dr Salome Mbugua, Sunniva McDonagh SC, Tony Geoghegan

Tuarascáil ar Ghníomhaíocht



An Réamhrá

Cuimsítear an dara bliain de *Ráiteas Straitéise* IHREC le haghaidh 2019–2021 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Leagtar amach ann ár ngníomhaíochtaí i rith 2020 chun dul chun cinn a dhéanamh ar cheithre thosaíocht straitéiseacha an Choimisiúin:

1. Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint;
2. Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas;
3. Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine; agus
4. Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú.

Tuairiscítear ansin i gcuid a cúig ar an gcaoi ar chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí corparáideacha agus comhlíonta sa bhliain atá á hathbhreithniú.

Ar deireadh, sa séú cuid, tuairiscímid ar ár n-obair chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, mar a éilítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*.

Ráiteas Straitéise 2019–2021



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1: **Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint**

CUSPÓIRÍ

- » A chinntiú trí fheachtais eolais phoiblí agus teagmháil idirghníomhach dhigiteach go bhfuil tuiscint fhorleathan ar chearta agus comhionannas daoine aonair agus ar na bealaí chun iad a bhaint amach;
- » An t-eolas, na scileanna agus an fhaisnéis a theastaíonn a thabhairt do dhaoine a bhfuil idirdhealú agus sárú ar chearta an duine rompu chun a gcearta a bhaint amach; agus
- » Cabhrú le daoine aonair i gcásanna a bhfuil imní faoi leith fúthu chun a gcearta a bhaint amach trínár gcumhachtaí forfheidhmithe

Eolas a Thabhairt do Dhaoine Aonair faoina gCearta

Trína sheirbhís eolais 'Do Chearta' cuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil don phobal ar na cearta, na leigheasanna agus na hoibleagáidí a ndéantar foráil maidir leo faoi dhlí chearta an duine agus faoi dhlí comhionannais in Éirinn. Áirítear leo sin na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, alt 19 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003, an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003-2014 agus Bunreacht na hÉireann. Is é 'Do Chearta' an rannóg is mó a dtugtar cuairt air ar ár suíomh gréasáin, agus thart ar 23% de gach amharc leathanaigh i gceist leis (116,893 amharc leathanaigh). Bhain thart ar leath de na hamhairc leathanaigh sin leis an rannóg faoi fhadhbanna ag an obair.

I rith 2020, d'fhreagraíomar 1,732 ceist freisin, i gcomparáid le 2,165 an bhliain roimhe sin.

Tugtar léargas ar na ceisteanna a fuarthas in 2020 sa ghrafaic faisnéise ar an gcéad leathanach eile, agus tá níos mó sonraí fúthu in **Aguisín 8**.

“ Theastaigh uaim a chur in iúl duit gur éirigh liom post a fháil, tá sé iontach go bhféadfadh comhairle agus tacaíocht ó dhuine amháin mé a dhíriú ar áit chónaithe a fháil ar dtús, anois post... Táim imithe ó na smaointe is measa faoi gurbh fhearrde iad gan mé, go todhchaí a fheiceáil dúinn ar fad. Chomh maith leis sin, d'úsáid mé an chomhairle chun cabhrú le cúpla duine a casadh orm agus a raibh fadhbanna HAP acu; ní fhéadfaí luach a chur air sin. Míle buíochas arís.

– Úsáideoir de chuid na Seirbhíse 'Do Chearta'

1,732

ceist faoi dhlí chearta an duine agus an chomhionannais lenar
phléigh 'Do Chearta' in 2020

610 a bhain leis na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018	328 a bhain leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015	422 a bhain le Cearta an Duine	9 a bhain leis an Acht Deochanna Meisciúla, 2003
34% An Foras Míchumais	35% An Foras Míchumais	16% Obair Chuibhiúil	44% An Foras Duine den Lucht Siúil
19% An Foras Cúnaimh Tithíochta	20% An Foras Inscne	15% Ginearálta, go háirithe ag baint le Covid-19	22% An Foras Aoise
15% An Foras Cine	17% An Foras Cine	12% Easpa Dídine agus Tithíocht Shóisialta	11% An Foras Stádais Teaghlaigh / An Foras Gnéaschlaonta agus Foras Neamhshonraithe



11

cheist a bhain le comhionannas, ach nach gcumhdaítear faoin Acht um
Comhionannas Fostaíochta, faoin Acht um Stádas Comhionann ná faoin Acht
Deochanna Meisciúla.

352

atreorú chuig acmhainní nó seirbhísí eolais eile, lena n-áirítear, mar shampla, an
Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, oifigí Ombudsman, comhlachtaí rialála
ar nós an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus
Cosaint Tomhaltóirí, nó an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tIonad Comhairle Dlí
Saor in Aisce (FLAC).

Cé a bhíonn i dteagmháil linn?



Ceisteanna Covid-19

Sainíodh thart ar **221 ceist** go díreach mar bhainteach le Covid-19 agus cearta an duine agus comhionannas. Is ionann sin agus **13%** de na ceisteanna ar fad.

Cúnamh dlí a sholáthar do dhaoine aonair

Faoi Alt 40 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, féadfaidh an Coimisiún, i gcúinsí áirithe, cúnamh dlí a thabhairt do dhuine a dteastaíonn uaidh cás a bhaineann le cúrsaí comhionannais nó chearta an duine a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na gCúirteanna. Is féidir comhairle dlí amháin nó comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a thabhairt mar chúnamh.

Amhail tús 2020, bhí 139 cliant ar leith againn ar deonaíodh cúnamh dlí dóibh agus a raibh a gcásanna fós ar bun. Astu siúd, faomhadh 86 le haghaidh comhairle dlí amháin agus faomhadh 53 le haghaidh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil. Bhí 24 iarratasóir eile ag fanacht ar chinneadh faoina n-iarratais ar chúnamh.

I rith 2020, fuarthas 124 iarratas nua ar leith ar chúnamh dlí, faomhadh 77 iarratas ar bhain comhairle dhlí amháin le 22 cinn agus comhairle agus ionadaíocht le 55, diúltaíodh do 22 iarratas agus tarraingíodh 18 gcinn siar.

Chuireamar ár gcuid oibre ar 40 comhad cliant i gcrích i rith 2020, comhaid a osclaíodh roimhe sin ina measc. Tugadh comhairle dlí amháin do 13 de na cliant sin, agus tugadh ionadaíocht dhlíthiúil do 27. Tá sonraí faoi na cásanna a cuireadh i gcrích sna táblaí seo a leanas.



Cúnamh Comhairle Dlí a Cuireadh i gCrích in 2020

I rith 2020, cuireadh i gcrích 13 chomhad cliant ar deonaíodh cúnamh comhairle dlí ach ní ionadaíocht dhlíthiúil dóibh, sna réimsí seo a leanas:

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015:

Foras an Idirhealaithe	Líon cliant	Ceist
Aois	1	Sainmhíniú ar fhostaí chun críocha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta

Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018:

Foras an Idirhealaithe	Líon cliant	Ceist
Míchumas agus Aois	1	Rochtain ar sheirbhísí cónaithe míchumais do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois
Míchumas	1	Diúltú don liúntas míchumais de bharr coinníoll gnáthchónaithe, a éilíonn ar iarratasóirí stair oibre sa Stát a léiriú
Míchumas	1	Rochtain ar aistriú tithíochta ar chúinsí leighis
Stádas Teaghlaigh	1	Soláthar seirbhísí bainc áirithe do dhaoine a fhaigheann Liúntais Cúramóra
Reiligiún	1	Eisiaimh ó scéim iompair scoile ar an bhforas creidimh

An tAcht Deochanna Meisciúla, 2003:

Foras an Idirhealaithe	Líon cliant	Ceist
Míchumas	1	Cibé an bhfuil oibleagáid ar áitreabh ceadúnaithe freastal réasúnta a dhéanamh ar dhuine faoi mhíchumas

Ceartha an Duine:

Líon cliant	Ceist
1	Rochtain ar Scéim na hÍocaíochta Cúnamh Tithíochta ('HAP') do dhuine faoi mhíchumas
1	Sárú ar chearta Bunreacht agus an Choinbhinsiún Eorpaigh um Chearta an Duine, lena n-áirítear an ceart chun faisnéise agus an ceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh trí uchtú mídhleathach
1	An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil mar dhuine a tháinig trí dhrochúsáid ghnéasach leanaí
1	Easpa seirbhísí tacaíochta chun rochtain a fháil ar shaoráidí i rith na hoíche do dhuine faoi mhíchumas i seirbhís cóiríochta maireachtála faoi thacaíocht
1	Cibé an éilítear ar iarratasóir ar phost ciontuithe spionta i ndlínse eile a nochtadh
1	Rochtain ar chiste a bunaíodh ó chuallachtaí reiligiúnacha Éireannacha a thairgeann tacaíocht airgeadais do dhaoine a tháinig trí institiúidí cónaithe

Cúnamh Ionadaíochta Dlíthiúla a Cuireadh i gCrích in 2020

I rith 2020, cinneadh nó cuireadh i gcrích ar bhealach eile 18 gcás a bhain le 27 cliant ar leith ar deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil orthu.

Cásanna faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015:

Cás & Foras	Líon cliant	Issue	Toradh
Iarfhostaí v. Fostóra	1	Líomhain iarfhostaí ar an bhforas aoise maidir lena scor ón bhfostóir.	Chuir an fostaí gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Socraíodh an cás roimh an éisteacht.
An foras aoise			
Brian Fitzpatrick agus Ronald Boyle v. Choimisinéir an Gharda Síochána agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	2	Diúltaíodh do bheirt fhear dul isteach sa Gharda Síochána bunaithe ar <i>Rialacháin an Gharda Síochána (Ligean Isteach agus Ceapacháin)</i>, 1988 (na 'Rialacháin'), inar socraíodh an uasteorainn aoise d'iontráil mar oiliúnaí ag faoi bhun 35 bliain d'aois. I ndiaidh an diúltaithe, thug na fir gearán os comhair an Bhinse Comhionannais (a bhíodh ann roimh WRC) ar an mbonn gur idirdhealú ar an bhforas aoise a bhí san uasteorainn aoise le dul isteach sa Gharda Síochána faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998. Cuireadh na cásanna ar feitheamh ar feadh tréimhse shuntasach, ar feitheamh réiteach imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh sna hUaschúirteanna, agus ar deireadh tharchuir an Chúirt Uachtarach an cás chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh sé d'údarás ag WRC, mar chomhlacht a bhfuil de chúram air éifeacht a thabhairt do dhlí an Aontais Eorpaigh, gan dlí na hÉireann a thagann salach ar dhlí an Aontais a bhí ann cheana a chur i bhfeidhm. Mar gheall ar an gcinneadh sin, d'fhéadfadh cás na beirte fhear dul ar aghaidh.	Rialaigh WRC i bhfabhar na beirte fhear, ag rá go raibh an uasteorainn aoise idirdhealaitheach. Bronnadh cúiteamh €12,700, an t-uasmhéid a ceadaíodh faoin reachtaíocht comhionannais a bhí i bhfeidhm ag an am, ar gach aon fhear as "an anró a fulaingíodh mar gheall ar an idirdhealú sin".
Iarratasóir Poist v. Cuideachta	1	Tharraing Cuideachta siar tairiscint ar agallamh poist d'iarratasóir poist nuair a nocht sé go raibh sé bodhar.	Socraíodh an cás sular tharla éisteacht WRC.
An foras míchumais			

Robert Cunningham v. Sheirbhís Phríosúin na hÉireann An foras míchumais	1	Scrúdaíodh sa chás seo an gcaithfidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann freastal réasúnta a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar oifigigh príosúin faoi mhíchumas. D'éirigh lena chás in 2017 os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), ach chuir an Chúirt Oibreachais cinneadh WRC ar ceal in 2018, ar achomharc, agus chinn gur díolúine iomlán a bhí in alt 37(3) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta maidir le Seirbhís Phríosúin na hÉireann i leith aon chineál freastail réasúnta a bhaineann le míchumas a dhéanamh ar fhostaithe faoi mhíchumas.	Chuir an Ard-Chúirt cinneadh na Cúirte Oibreachais ar ceal. Tá an cás seo á achomharc arís, ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann, leis an gCúirt Achomhairc, áit a mbeidh an Coimisiún i mbun ionadaíocht dhlíthiúil ar Robert Cunningham arís. Tá an t-achomharc seo fós ar bun.
Yvonne O'Rourke v. an Aire Cosanta An foras inscne	1	Rangaigh Óglaigh na hÉireann tréimhsí saoire máithreachais a thóg iar-Chartaen mar shaoire chomhionann le hasláithreachtaí saoire breoiteachta oifigigh fir. Fuair sí drochrátáil feidhmíochta dá bharr, a chuir isteach ansin ar a cumas an oiliúint éigeantach a fháil a theastaigh chun ardú céime chuig grád Ceannasaí a fháil.	Bhronn WRC an t-uaschúiteamh ar Yvonne O'Rourke, €117,814, is é tuarastal dhá bhliain, as an idirdhealú a d'fhulaing sí, agus d'ordaigh sé don fhreagróir ús a íoc ar an gcúiteamh as an moill shuntasach a bhí ar imscrúdú agus éisteacht an chás mar gheall ar an bhfreagróir. D'ordaigh WRC d'Óglaigh na hÉireann freisin tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar ábhair oiliúna agus faisnéise agus cleachtais áitiúla chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh an dlí in aghaidh idirdhealú faoin 31 Nollaig 2021, agus cúrsa oiliúna a chur i bhfeidhm do gach pearsanra in Óglaigh na hÉireann ag a bhfuil freagrachtaí foirne faoin ábhar nuashonraithe in aghaidh idirdhealú faoin 31 Nollaig 2022.

Cásanna faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018:

Cás & Foras	Líon cliant	Ceist	Toradh
Iarratasóir v. Caifé An foras míchumais	1	Dúradh le bean, atá dall agus a bhfuil madra treorach aici, nach bhféadfadh sí suí i gcaifé chun ithe agus go gcaithfeadh sí bia a ordú le tabhairt léi, toisc go raibh ailléirge le madraí ag úinéir an chaifé.	Rinne an bhean gearán le WRC. Réitigh na páirtithe an cás sular tharla breithniú WRC. D'aontaigh úinéir an chaifé €1,000 a íoc leis an mbean, oiliúint faoin dlí comhionannais a chur ar fhoireann an chaifé agus beartas comhionannais a dhréachtú. D'aontaigh úinéir an chaifé freisin go gcinnteofaí nach mbeadh aon bheartas a chuireann cosc ar mhadraí san áitreabh i bhfeidhm ar mhadraí treorach/cúnta, agus go gcuirfí comhartha ar taispeántas go soiléir ar a ndeimhnítear go bhfáiltítear roimh mhadraí treorach/cúnta.

Úsáideoir Seirbhíse v. Gníomhaireacht Rialtais	1	Eisiadh duine a fhaigheann an liúntas míchumais ón Scéim um Thithe Níos Teo a reáchtálann Gníomhaireacht Rialtais toisc nach raibh an liúntas sin ar cheann de na sé shochar leasa incháilithe.	Réitíodh an cas trí idirghabháil – d’athbhreithnigh an ghníomhaireacht Rialtais rialacha incháilitheachta a Scéime agus gheall sí an Scéim a leathnú chun daoine a fhaigheann Liúntas Míchumais a chuimsiú.
An foras míchumais			
Iarratasóir v. Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	1	Dhiúltaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Liúntas Leasa na nDall de chuid mná a shiardhátú go dtí a 18ú breithlá, cé nach raibh sí ar an eolas faoin teidlíocht go dtí 18 mí ina dhiaidh agus trí sheans.	Socraíodh an cas, agus d’aontaigh an Fheidhmeannacht an liúntas a shiardhátú go dtí a 18ú breithlá agus a costais dlí a chlúdach.
An foras aoise			
Cliant v. Tiarna Talún	1	Bhronn WRC €4,000 ar fhear de bharr idirdhealú ar an bhforas Cúnaimh Tithíochta ach níor íoc an tiarna talún an tsuim sin. Chuir an Coimisiún síneadh leis an ionadaíocht dhlíthiúil chun go n-áireofaí imeachtaí forfheidhmithe chinneadh WRC os comhair na Cúirte Dúiche.	Thángthas ar réiteach roimh an dlíthíochta – d’íoc an tiarna talún an tsuim iomlán.
An foras Cúnaimh Tithíochta			
Tionónta Ionchais v. Gníomhaireacht Réadmhaoine	1	Bhog athair go Baile Átha Cliath chun post a fháil, bhreathnaigh sé ar an réadmhaoine ar cíós, d’aontaigh sé tionóntacht, shínigh sé an comhaontú agus d’íoc sé an éarlais. Nuair a bhí an socrú cíosa á chur i gcrích, nocht sé go mbeadh an Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP) in úsáid aige. D’inis an gníomhaire ligin dó nár thaitin HAP leis an tiarna talún. D’inis an gníomhaire dó ina dhiaidh sin gur scaoil an tiarna talún an réadmhaoine ar cíós do dhuine eile.	Chinn WRC go ndearnadh idirdhealú ar an bhfear ar an bhforas cúnaimh tithíochta. D’ordaigh WRC don ghníomhaire ligin cúiteamh €8,500 a íoc leis an bhfear agus tosú ag cinntiú láithreach go raibh an próiseas iarratais dá thionóntachtaí de réir beartais comhdheiseanna, lena n-áirítear níos imeachta oibriúcháin caighdeánach ina mbeadh doiciméadú in ord croineolaíoch ar an bpróiseas chun rannpháirtíocht an dá pháirtí sa phróiseas ar fad a thaifeadadh. D’ordaigh WRC don ghníomhaire ligin freisin eolas a fháil ar HAP agus tábhacht reachtúil an Achta um Stádas Comhionann.
An foras Cúnaimh Tithíochta			
Iarrthóir Tearmainn v. Gníomhaireacht Reachtúil	1	Chuir iarrthóir tearmainn isteach ar chead tiomána faoi oiliúint le go bhféadfadh sí foghlaim le tiomáint, agus í ag súil le deiseanna fostaíochta níos fearr a aimsiú agus rochtain a fháil ar shaoráidí cúraim leanaí. D’inis an comhlacht reachtúil atá freagrach as ceadúnais tiomána a eisiúint go mbeadh uirthi fianaise ar theidlíocht cónaitheachta a thabhairt, rud nach bhféadfadh sí a thabhairt ar chor ar bith toisc gur iarrthóir tearmainn í. Nuair nach raibh sí in ann na cáipéisí a iarradh a chur ar fáil, dhiúltaigh an ghníomhaireacht dá hiarratas.	Chinn WRC go ndearna an ghníomhaireacht idirdhealú indíreach ar an mbean, mar iarrthóir tearmainn, ar an bhforas cine. Rinneadh achomharc ar chinneadh WRC ina dhiaidh leis an gCúirt Chuarda. Chuir an Chúirt Chuarda cinneadh WRC ar ceal. Tá an Coimisiún ag soláthar ionadaíocht dhlíthiúil don bhean in imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte chun cinneadh na Cúirte Cuarda a achomharc. Tá an cas seo fós ar bun.
An Foras Cine			

larrthóir Tearmainn v. Gníomhaireacht Reachtúil	1	Diúltaíodh cead tiomána faoi oiliúint d'fhear ar an mbonn nach bhféadfadh sé cruthúnas bailí ar chónaitheacht a chur ar fáil.	Chinn WRC go ndearnadh idirdhealú indíreach ar an bhfear ar an bhforas cine agus d'ordaigh sé don Gníomhaireacht iarratas an fhir ar chead tiomána faoi oiliúint a phróiseáil agus cúiteamh €2,500 a íoc leis.
An foras cine			Rinne an Gníomhaireacht achomharc i gcoinne an chinnidh sin. Ar achomharc, ní raibh an fear, ar athraíodh a chúinsí, ach ag iarraidh go seasfaí leis an mbronnadh cúitimh. Réitíodh an t-achomharc ar an mbonn go gceadófaí an t-achomharc ach go mbeadh ar an nGníomhaireacht €4,000 a íoc leis an bhfear.

larrthóir Tearmainn v. Gníomhaireacht Reachtúil	1	Diúltaíodh cead tiomána faoi oiliúint do bhean ar an mbonn nach bhféadfadh sí cruthúnas ar theidlíocht cónaitheachta Stampa 4 ná pas AE a chur ar fáil.	Níor chuir an bhean an gearán isteach laistigh den tréimhse reachtúil.
An foras cine			

Saoránach Eadóirsithe Éireannach v. Bainc	1	Chuaigh banc saoránaigh eadóirsithe Éireannaigh ó tír nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i dteagmháil leis agus d'iarr air idirbhearta ar a chuntas a mhíniú. Chloígh sé leis sin, ach chuir na ceisteanna as dó. Go gairid ina dhiaidh sin, chuir an Banc in iúl don fhear go raibh sé ag dúnadh gach cuntas leis. Chuir sé gearán idirdhealaithe ar an bhforas cine faoi bhráid WRC.	I ndiaidh idirghabháil fhada, thángthas ar réiteach ar an gcás a shásaigh na páirtithe.
An foras cine			

Cásanna faoin Acht Deochanna Meisciúla, 2008:

Cás & Foras	Líon cliant	Ceist	Toradh
Ceathrar den Lucht Siúil v. Teach Tábhairne	4	Diúltaíodh cead isteach i dteach tábhairne do cheathrar den Lucht Siúil.	Socraíodh an cas sular tharla imeachtaí sa Chúirt Dúiche.
An foras Lucht Siúil			

Cásanna maidir le Cearta an Duine:

Cás	Líon cliant	Ceist	Toradh
Daoine Aonair v. Comhlacht Poiblí	1	Rinne an Coimisiún ionadaíocht ar phríosúnach faoin mBunreacht agus an <i>Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine</i> maidir le dálaí a choinneála – an cleachtas a bhaineann leis na fualáin a fholmhú go sonrach.	Réitíodh an cás le socrú, sular tharla imeachtaí san Ard-Chúirt.
Teaghlach v. Údarás Áitiúil	5	Rinneadh idirdhealú ar theaghlach ar an liosta tithíochta ar na forais míchumais agus cine agus iad ag plé leis an údarás áitiúil agus cóiríocht i 'mol teaghlaigh'.	Chuir an teaghlach gearán faoi bhráid WRC, ach tharraing siad siar an gearán roimh an éisteacht toisc gur cuireadh tithíocht fhadtéarmach oiriúnach ar fáil dóibh.
Beirt Iarratasóirí v. Údarás Áitiúil	2	Diúltaíodh áit ar an liosta tithíochta sóisialta do bheirt ag a bhfuil an cead cónaí in Éirinn faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Trí chomhfhreagras, d'aontaigh an t-údarás áitiúil iad a chur ar an liosta, ach dhiúltaigh siad a n-iarratas tithíochta a shiardhátú i bhfianaise a dteidlíochta do thithíocht shóisialta faoi dhlí an Aontais.	Socraíodh an cás sular reáchtáladh éisteacht san Ard-Chúirt.

“Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le IHREC as a ndíograis agus a ndúthracht. Tá idirdhealú ar shaoránaigh toisc go bhfaigheann siad cúnamh airgeadais ón Stát déistíneach, éilíteach agus go hiomlán as dáta. Cuireann sé bac ar dhul chun cinn sóisialta agus baineann sé an bonn de. Tá súil agam go spreagfaidh an cinneadh seo tiarnaí talún agus gníomhairí réadmhaoine seasamh le cearta na saoránach, agus go dtabharfar muinín do thionóntaí na cearta sin a éileamh.”

– Faighteoir Cúnamh Dlí

Ag Dul i nGleic le Fógraíocht Idirhealaitheach

An Coimisiún v. Daft Media Ltd

I mí Lúnasa 2019, thug WRC breith i bhfabhar an Choimisiúin sa chaingean dlí ina ainm féin a mhair beagnach trí bliana in aghaidh Daft Media Limited agus a tionscnaíodh de bharr gur fhoilsigh sé fógraí idirdhealaitheacha ar líne ar a ghréasán réadmhaoine daft.ie. Agus a ghearán á thabhairt chuig WRC, d'úsáid an Coimisiún ár gcumhachtaí faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann chun ceithre fhógra ó shuíomh gréasáin daft.ie in 2016 a atreorú, fógraí a rinne idirdhealú de réir dealraimh ar na forais tithíochta ('HAP'), aoise agus stádas teaghlaigh sna hAchtanna um Stádas Comhionann.

D'ordaigh WRC do Daft Media Limited gan fógraí idirdhealaitheacha a fhoilsiú, ná a thaispeáint, ná foilsiú nó taispeáint fógraí idirdhealaitheacha a cheadú ar a shuíomh gréasáin, agus modheolaíocht a fhorbairt chun fógraíocht

idirdhealaitheach ar a shuíomh gréasáin a shainaithint agus a mhonatóiriú agus bac a chur ar a leithéid.

Dhiúltaigh WRC d'áitiú Daft Media Limited nach raibh ann ach 'cainéal fórach' le haghaidh inneachar ar líne faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus dhiúltaigh sé don mhaíomh go raibh díolúine ag Daft Media Limited i leith gearán ón gCoimisiún mar gheall ar fhorálacha dá leithéid i ndlí na hEorpa. Leagadh amach freisin sa bhreithniú go raibh dliteanas ionadach ag an gcuideachta as fógraí a chuireann tríú páirtithe ar a shuíomh gréasáin sa chás go sáraíonn siad na hAchtanna um Stádas Comhionann.

Rinne Daft Media Limited achomharc in aghaidh chinneadh WRC sa Chúirt Chuarda agus bhí an cás fós ar bun ag deireadh na bliana.



Ag Feidhmiú mar *Amicus Curiae* & Idiragraí Tríú Páirtí

Féadfaidh an Coimisiún iarratas a dhéanamh leis na hUaschúrteanna ar chead a fháil láithriú mar *amicus curiae* ('cara na cúirte') in imeachtaí os comhair na cúirte sin a bhaineann le cearta an duine nó cearta comhionannais do dhuine ar bith. Is faoi rogha na Cúirte ár rannpháirtíocht a cheadú nó a dhiúltú.

Mar *amicus curiae*, ní dhéanann an Coimisiún ionadaíocht ar aon pháirtí sa chás; ina ionad sin, cabhraímid leis an gCúirt maidir le ceisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais a bhaineann leis an gcás.

Amhail tús 2020, bhíomar páirteach mar *amicus curiae* i gceithre chás a bhí ar bun sna hUaschúrteanna. Cuireadh trí cinn de na cásanna sin a tionscnaíodh roimh 2020 i gcrích in 2020, agus bhí ceann amháin fós ar bun amhail deireadh na bliana.

Tugadh cead don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh i dtrí chás eile i rith na bliana. I gceann de na cásanna sin, thug an Chúirt a breithiúnas in 2020, ach bhí imeachtaí fós ar bun faoi fhoirm an Ordaithe Cúirte. Bhí cás amháin ag fanacht ar bhreithiúnas, agus bhí ceann amháin fós ar bun amhail deireadh na bliana.

D'iarr an Coimisiún cead freisin, agus tugadh dó é, aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine mar idiragraí tríú páirtí i gcás amháin.

Amhail deireadh na bliana mar sin bhí an Coimisiún páirteach mar *amicus curiae* nó idiragraí tríú páirtí i gcúig chás a bhí fós ar bun.

Tabhair faoi deara go gcuimsítear sa tréimhse tuairiscithe a phléitear anseo go dtí an 31 Nollaig 2020. Tá forbairtí níos nuaí maidir leis na cásanna sin agus le cásanna dlí eile ina bhfuil an Coimisiún ag feidhmiú ina ról *amicus curiae* le feiceáil ar www.ihrec.ie/category/press-releases

CÁS: MAM V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS AGUS KN V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS (ATHAONTÚ TEAGHLAIGH DÍDEANAITHE) – AN CHÚIRT UACHTARACH

Bhí an Coimisiún ag feidhmiú ina ról *amicus curiae* os comhair na Cúirte Uachtaraí sna cásanna seo a bhain le hathaontú teaghlaigh le haghaidh dídeanaithe eadóirsithe. Sa dá chás shamplacha 'MAM' agus 'KN', a éisteadh i gcomhar a chéile os comhair na Cúirte mar gheall ar thábhacht na gceisteanna dlí lena mbaineann, dhiúltaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iarratais ar athaontú teaghlaigh ó bheirt pháirtithe ar bronnadh stádas dídeanaithe orthu faoi *Acht na nDídeanaithe, 1996*, agus a ndearnadh saoránaigh Éireannacha eadóirsithe díobh ina dhiaidh sin. Dhiúltaigh an tAire athaontú teaghlaigh do 'MAM' lena fear céile, agus diúltaíodh athaontú teaghlaigh do 'KN' lena hiníon fhásta agus a beirt ghariníonacha. Dhírigh aighneachtaí dlí an Choimisiúin don Chúirt Uachtarach ar an gceart chun athaontú teaghlaigh mar a ráthaítear faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ag maíomh nach gcuireann náisiúntacht a fháil sa tír dídine deireadh leis an gceart chun athaontú teaghlaigh sa tír sin.

41) D'áitigh an Coimisiún gur sháraigh diúltú an Aire ligean do dhlúth-theaghlach 'MAM' agus 'KN' teacht go hÉirinn cearta faoin mBunreacht (Airteagal 40 agus Airteagal 41), agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Airteagal 8) maidir le cearta teaghlaigh agus a bhaill, agus oibleagáid an Stáit na cearta sin a chosaint.

Toradh: Ina breithiúnas, a tugadh an 19 Meitheamh 2020, dhiúltaigh an Chúirt

Uachtarach do léirmhíniú an Aire Dlí agus Cirt ar *Acht na nDídeanaithe, 1996*, agus leag amach go n-eascródh éiginnteacht reachtach shubstaintiúil as léirmhíniú mar sin nuair ba é cuspóir an Achta soiléire a chur ar fáil. Chuir an rialú breithiúnais na Cúirte Achomhairc agus na hArd-Chúirte ar ceal, agus d'aithin dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le cearta dídeanaithe chun athaontú teaghlaigh. Réitigh an toradh an bealach do KN agus MAM chun athaontú teaghlaigh a lorg tríd an bpróiseas foirmiúil, agus thug an Chúirt aitheantas freisin go bhféadfadh an breithiúnas sin dul chun leasa 50 duine eile a bhí i gcúinsí cosúla.

CÁS: MKFS V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS (BAILÍOCHT PÓSTA) – AN CHÚIRT UACHTARACH

Bhí an Coimisiún ag feidhmiú ina ról amicus curiae os comhair na Cúirte Uachtaraí sa chás seo a bhain le cearta pósta agus teaghlaigh sa phróiseas imirce. Sa ról seo, chuir an Coimisiún a shaineolas ar fáil don Chúirt Uachtarach ar na caighdeáin ábhartha intíre agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a bhí á mbreith. Ina aighneachtaí dlí, leag an Coimisiún amach an creat dlí a rialaíonn pósadh faoin mBunrecht, an *Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh*.

Toradh: Ina breithiúnas, a tugadh an 27 Iúil 2020, chuir an Chúirt Uachtarach rialú ón Ard-Chúirt ar ceal, inar cinneadh go raibh pósadh a chinn an tAire a bheith ina phósadh áise ar neamhní ó thaobh an dlí de. Rialaigh an Chúirt freisin go bhfuil an chumhacht Aireachta ábhartha, a chinn gur pósadh áise an pósadh idir chaibidil, srianta do chomhthéacs imirce/díbeartha,

agus nach bhfuil an tAire i dteideal “neamhaird a dhéanamh” den phósadh ach i gcomhthéacs an-sonrach. Leag an Chúirt amach go gcaithfear cearta teaghlaigh an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (Airteagal 8) a bhreithniú, agus aird ar an gcaidreamh bunúsach idir na páirtithe.

CÁS: ALI CHARAF DAMACHE V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS – AN CHÚIRT UACHTARACH

Dhírigh an cás seo ar an nós imeachta chun saoránacht Éireannach a chúlghairm. Scrúdaíodh chomh dleathach agus atá an nós imeachta reatha faoi Alt 19 den *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956*, ina ndéantar foráil maidir le cumhacht chun saoránacht Éireannach a chúlghairm ó dhaoine a fhaigheann saoránacht Éireannach. Rinne an Coimisiún, mar amicus curiae, aighneachtaí don Chúirt ar chaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta um chearta an duine, agus cháin an nós imeachta reatha, ag maíomh go gcuirfeadh cúlghairm saoránachta as do cheart saoránach gan aon dabht agus go tromchúiseach, lena n-áirítear an ceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh, an ceart chun vótála, agus teidlíochtaí reachtúla eile.

Toradh: Ina breithiúnas, a tugadh ar an 14 Deireadh Fómhair 2020, rialaigh an Chúirt Uachtarach go bhfuil an nós imeachta chun saoránacht Éireannach a chúlghairm míbhunrechtúil. Dúirt sí go bhfuil “suntasacht thromchúiseach” ag baint le caillteanas saoránachta agus rialaigh go gcaithfear an próiseas cúlghairme a bheith fónta.

I ndiaidh an chinnidh, d'iarr an Chúirt aighneachtaí faoi fhoirm an Ordaithe a bhí le déanamh. Ina aighneachtaí, d'fhiosraigh an Stát an raibh alt 19 ina iomláine míbhunreachtúil, nó cuid de. D'iarr an Chúirt ansin ar na páirtithe, agus an Coimisiún mar *amicus curiae*, aighneachtaí eile a dhéanamh faoi raon an dearbhairthe maidir le míbhunreachtúlacht. I ndiaidh na haighneachtaí a athbhreithniú, shocraigh an Chúirt dáta éisteachta chun raon a dearbhairthe a chinneadh ar an 14 Eanáir 2021.

CÁS: MAIDIR LE JJ – AN CHÚIRT UACHTARACH

Díríonn an cás seo ar chearta an linbh agus cearta coimircithe cúirte faoi aois. Bhain sé le cóir leighis John (ní hé sin a fhíorainm), buachaill 11 bhliain d'aois a d'fhulaing gortuithe néareolaíocha i dtimpiste a d'athraigh a shaol ó bhonn.

Fuair an t-ospidéal a bhí ag cur cóir leighis ar John cead ón Ard-Chúirt tabhairt faoi chóireáil nár aontaigh tuismitheoirí John leis. Cheadaigh ordú na hArd-Chúirte don ospidéal, dá measfadh foireann leighis John go raibh sé iomchuí, cógas a thabhairt a d'fhéadfadh dul i gcion ar fheidhm riospráide an bhuachalla. Chomh maith leis sin, chinn an Ard-Chúirt go bhféadfadh a fhoireann leighis, dá measfáidís go raibh sé iomchuí, gan cóir leighis áirithe a chur air, é a chur in Aonad Dianchúraim ina measc.

D'iarr an Coimisiún cead ar an gCúirt Uachtarach teacht os a comhair mar *amicus curiae* ('cara na cúirte') ar an 4 Nollaig 2020. Thug an Chúirt cead ar an 15 Nollaig 2020. Ina aighneachtaí i scríbhinn, mhaigh an Coimisiún go gcaithfí aon chinneadh ar chóir leighis John a

dhéanamh ar bhealach a chinnteodh cothromaíocht agus cosaint dá chearta bunreachtúla mar leanbh, agus aird chuí ar chearta a thuismitheoirí.

D'fhiafraigh an Coimisiún freisin an raibh an cinneadh coimircí cúirte a dhéanamh de John ina chur isteach comhréireach ar a chearta siúd agus ar chearta a thuismitheoirí, ó tharla gur bhain sé an cumas cinnteoireachta dá thuismitheoirí.

Toradh: Éisteadh an cás go cianda sa Chúirt Uachtarach in imeacht trí lá i mí na Nollag 2020 agus forchoimeádadh an breithiúnas.

CÁS: V. V. AN AIRE SLÁINTE AGUS LEANAÍ AGUS DAOINE EILE – AN ARD-CHÚIRT

Baineann an cás seo le fear (V.) atá faoi mhíchumas intleachtúil a dteastaíonn uaidh a fiancée a phósadh. Cuireadh cosc ar an lánúin pósadh i ndiaidh iarratas a cuireadh faoi bhráid na hArd-Chúirte coimircí cúirte a dhéanamh de V. Dheonaigh Uachtarán na hArd-Chúirte urghaire chun cosc a chur ar an searmanas. Ardaíodh imní le hUachtarán na hArd-Chúirte faoi chumas V. pósadh.

Mhaigh dlíodóirí V. nach raibh fiosrúchán coimircíochta ina fhóram cuí chun a chumas chun pósadh a chinneadh, toisc go bhfuil difríocht idir na tástálacha dlí le haghaidh coimircíochta agus le haghaidh cumas cinnteoireachta chun pósadh. Dá ndéanfaí coimircí cúirte de V., chuirfeadh an *Marriage of Lunatics Act 1811* cosc ar V. a fiancée a phósadh. Dá bhrí sin, chuirfí cosc air a fiancée a phósadh sula bhféadfai a chinneadh an bhfuil an cumas chun pósadh aige.

Chuir V. i gcoinne chinneadh Uachtarán na hArd-Chúirte éisteacht leis an bhfiosrúchán coimircíochta sula gcinntí an bhfuil an cumas chun pósadh aige nó nach bhfuil.

Tá foireann dlí V. ag déanamh agóid in aghaidh bhunreachtúlacht dhlínse coimircíochta na hArd-Chúirte agus an *Marriage of Lunatics Act 1811* agus a chomhoiriúnacht leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Thug an Ard-Chúirt cead don Choimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* ar an 18 Samhain 2020. Mar *amicus curiae*, cabhróidh an Coimisiún leis an Ard-Chúirt le haighneachtaí faoi chearta daoine atá faoi mhíchumas faoi Bhunreacht na hÉireann, *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*.

Toradh: Tá na himeachtaí seo fós ar bun.

CÁS: FAULKNER V. NA HÉIREANN AGUS MCDONAGH V. NA HÉIREANN – AN CHÚIRT EORPACH UM CHEARTA AN DUINE

Tá na hlarratasóirí ag déanamh agóid in aghaidh orduithe na Cúirte Cuarda faoi alt 160 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*.

Tarraingíonn an cás seo aird ar imní shuntasach faoi chearta an duine i gcás chearta phobal an Lucht Siúil i leith cóiríocht a chinntiú agus a n-áiteanna cónaithe a chosaint trí choimircí nós imeachta cuí a sholáthar.

Baineann an cás seo le héifeachtacht cheart rochtana an Lucht Siúil ar na

cúirteanna agus/nó a gceart chun triail chóir faoi dhlí na hÉireann maidir lena gcearta sibhialta a chosaint (lena n-áirítear an ceart chun coimircí nós imeachta cuí a bhaineann le cearta Alt 8 i leith a n-áite cónaithe) le haird ar fheidhmiú an réimis cúnaimh dhlíthiúil shibhialta reachtúil in Éirinn agus bainistíocht liostuithe cúirte chúirteanna na hÉireann.

Tugadh cead don Choimisiún ar an 21 Nollaig 2020 feidhmiú mar idiragraí tríú páirtí sna himeachtaí sin agus aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

Toradh: Tá na himeachtaí seo fós ar bun.

CÁS: DIGITAL RIGHTS IRELAND LIMITED V. AN AIRE CUMARSÁIDE, MARA AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA, AN AIRE DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ, CHOIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA, ÉIRE AGUS AN ARD-AIGHNE (COSAINTE SONRAÍ)

Tarraingíonn an cás seo anuas ceisteanna maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus maidir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chearta príobháideachais; raon feidhme substainteach phrionsabal na comhréireachta agus an gaol idir an Chairt, an Bunreacht agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Toradh: Tá na himeachtaí seo fós ar bun.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2: **Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas**

CUSPÓIRÍ

- » An rialtas, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí agus gnóthaí a thabhairt chun cuntais;
- » Leanúint ar aghaidh ag forbairt cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise trí chlár taighde gníomhach agus leanúnach; agus
- » Ár gcumhachtaí forfheidhmithe a úsáid, lena n-áirítear tabhairt faoi fhiosrúchán, de réir mar is cuí agus is oiriúnaí, agus tosóimid ag cur Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i bhfeidhm.

Ceartha an Duine, Comhionannas agus Covid-19

Tá moltaí a dhéanamh don Rialtas agus do lucht déanta beartas chun cearta an duine agus comhionannas sa Stát a chomhlíonadh agus a neartú ag croí ár sainordaithe. Chruthaigh géarchéim Covid-19 dúshlán gan choinne don Stát, agus an oibleagáid atá air na cearta chun na beatha agus na sláinte a chosaint. Ó thús na paindéime, leag an Coimisiún béim ar an ngá a bhí ann go mbeadh aird ag an Stát ar thionchar a chinnteoireachta éigeandála ar chearta an duine agus comhionannas. I rith na bliana, thug an Coimisiún aghaidh ar impleachtaí ghéarchéim Covid-19 ar chearta an duine agus comhionannas i raon leathan aighneachtaí agus ráitis beartais.

Litir chuig an Taoiseach

I mí an Mhárta 2020, scríobh an Coimisiún chuig an Taoiseach Leo Varadkar ag míniú go n-aithníonn an Coimisiún gur gá bearta eisceachtúla a dhéanamh uaireanta chun cearta bunúsacha an duine a chosaint, amhail an ceart chun na beatha, agus chun sláinte daoine aonair agus an phobail a chosaint, ach go gcaithfidh na srianta sin a bheith dleathach, comhréireach, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach, agus gur cheart do phrionsabail chearta an duine agus comhionannais bonn taca a chur faoina gcur i bhfeidhm.

Póilíneacht cumhachtaí a bhaineann leis an bpaindéim

Scríobh an Coimisiún go díreach chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, faoi phóilíneacht cumhachtaí a bhaineann leis an bpaindéim, i mí Aibreáin 2020, ag leagan amach go measann an Coimisiún go bhfuil faisnéis chuimsitheach agus sonraí imdhealaithe riachtanach chun a mheasúnú an bhfuil cumhachtaí urghnácha á bhfeidhmiú


go comhréireach, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm de réir phrionsabail chearta an duine agus comhionannais.

Chomh maith leis sin, tharraing an Coimisiún anuas ár dtuiscint le Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána gur thug an Garda Síochána úsáid Sciath Frith-Sheile isteach mar úsáid dhleathach fornirt eisceachtúil i mí Aibreáin 2020 agus é mar phríomhchuspóir leo scaipeadh galar tógalach ar nós Covid-19 a stopadh, agus ní mar shrianadh. Luaigh an Coimisiún an imní a phléigh an tÚdarás Póilíneachta maidir le húsáid Sciath Frith-Sheile, agus d'aontaigh leis.

Breathnuithe ar an treoir náisiúnta maidir le tús áite a thabhairt do rochtain ar chúram criticiúil i rith paindéime

I mí na Bealtaine 2020, mhol an Coimisiún athbhreithniú ar chreat teorach na Roinne Sláinte maidir le tús áite a thabhairt do rochtain ar chúram criticiúil i gcomhthéacs Covid-19.

Rinne an Coimisiún an moladh sin in aighneacht scríofa don Aire Sláinte, chun a chinntiú go gcomhlíonann an treoir thábhachtach sin na caighdeáin is airde de chomhlíontacht chearta an duine agus comhionannais, go háirithe i gcás na ngrúpaí sin a bhféadfaí an tionchar is mó a imirt orthu. Foilsíodh an aighneacht sin ina dhiaidh sin ar an 3 Iúil 2020.



An Comhalta Coimisiúin Caroline Fennell ag labhairt ag an gCoiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19, Iúil 2020

Tionchar Covid-19 ar dhaoine i Soláthar Díreach

I mí na Bealtaine 2020, scríobh an Coimisiún chuig an Aire Comhionannais, Imirce agus Lánpháirtíochta, David Stanton T.D., chun ár n-imní a chur in iúl faoi bhainistíocht ráig thuairiscithe Covid-19 in ionad Soláthair Dhíreach an Skellig Star i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí.

D'iarr an Coimisiún ar an Aire Stanton soiléiriú a thabhairt ar an treoir sláinte poiblí a tugadh do lucht cónaithe agus lucht bainistíochta an ionaid Soláthair Dhíreach i gCathair Saidhbhín; na gníomhartha a rinne an lucht bainistíochta chun tacú le cur i bhfeidhm na treorach sin; agus a rá cé na bearta a bhí á ndéanamh chun sláinte agus folláine an lucht chónaithe a chosaint. I mí Lúnasa 2020, i ndiaidh an phlé sin leis an Aire Stanton, scríobh an Coimisiún chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais nua, Helen McEntee T.D., chun a imní leanúnach a chur in iúl faoi shábháilteacht agus folláine na ndaoine sa chóras Soláthair Dhíreach i rith phaindéim Covid-19.

Eisiamh daoine i Soláthar Díreach ón Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime

I mí na Bealtaine 2020, scríobh an Coimisiún chuig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty T.D., chun ár n-imní a chur in iúl faoi eisiamh daoine i gcóiríocht Soláthair Dhíreach ón Scéim Íocaíochta Dífhostaíochta Phaindéime. Mhínigh an Coimisiún don Aire Doherty ní hamháin go raibh droch-impleachtaí suntasacha airgeadais ag eisiamh daoine i Soláthar Díreach a bhí fostaithe/féinfhostaithe roimhe sin ar na hoibrithe sin agus ar a dteaghlach, ach go raibh tionchar aige ar a ndínit agus a suíomh i sochaí na hÉireann.

An scéim fóirdheontais shealadaigh pá agus mná ar shaoire mháithreachais

D'athbhreithnigh an Coimisiún dlíthiúlacht na *Scéime Fóirdheontais Sealadaigh Pá* agus eisiamh ban a bhí ag filleadh ó shaoire mháithreachais. I mí na Bealtaine 2020, chuireamar ár n-anailís dlí faoi bhráid an Aire Airgeadais Paschal Donohoe T.D., anailís inar leagadh amach ár dtuiscint go raibh an Scéim mar a bhí ag teacht salach ar oibleagáidí an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh:

- » Ar an gcéad dul síos, mar gur eisiadh mná a d'fhill ó shaoire mháithreachais i ndiaidh mhí Feabhra 2020, mura raibh na mná sin ag fáil aon íocaíocht ón bhfostóir sa tréimhse párolla ábhartha; agus
- » Ar an dara dul síos, toisc gur déileáladh le mná ag filleadh ó shaoire mháithreachais i ndiaidh mhí Feabhra 2020 le níos lú fabhair ná le daoine eile nuair a bhí an fóirdheontas á ríomh, sa chás go raibh na mná sin ar íocaíocht laghdaithe óna bhfostóir i rith a saoire máithreachais.

Córas na nGrád Ríofa

Scríobh an Coimisiún chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D., i mí na Bealtaine 2020 chun breac-chuntas a thabhairt ar an ngá riachtanach lena chinntiú go ndéanfaí gach iarracht tiomantas luaite na Roinne don chomhionannas agus don chothroime a bhaint amach, agus do Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, nuair a bhíodhas ag aistriú ó chóras bunaithe ar scrúduithe chuig gráid ríofa, go háirithe i gcás scoláirí faoi mhíbhuntáiste. Mhol an Coimisiún treoir shonrach a eisiúint do mhúinteoirí agus do scoileanna maidir leis an mbaol a bhainfeadh le hidirdhealú neamhbheartaithe a mhaolú.

Aighneacht faoi thionchar Covid-19 ar dhaoine faoi mhíchumas

I mí an Mheithimh 2020, chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Choiste Speisialta Oireachtais um Fhreagra ar Covid-19 inar tugadh breac-chuntas ar na bearnaí agus leochaileachtaí suntasacha sa bheartas agus sna seirbhísí reatha a d'fhág go raibh tionchar díréireach ag Covid-19 ar dhaoine faoi mhíchumas. Labhair an Príomh-Choimisinéir Gníomhach, an Dr Frank Conaty, agus an Comhalta Coimisiúin, an tOllamh Caroline Fennell, leis an gcoiste go pearsanta ar an 17 Iúil 2020.

Mhol an Coimisiún go rachadh an Roinn Sláinte i gcomhairle leis na daoine is mó seans go rachadh an beartas sin i bhfeidhm orthu, agus le saineolaithe chearta an duine agus comhionannais, chun bonn eolais a chur faoi aon leasuithe eile ar an ráiteas suntasach sin faoi bheartas poiblí.

Aighneacht ar ábharthacht Dhualgas na hEarnála Poiblí ar phleanáil seirbhíse do chúram sláinte nach mbaineann le Covid-19

D'iarr an Coiste Speisialta Oireachtais um Fhreagra ar Covid-19 ar an gCoimisiún aighneacht scríofa a chur faoina bhráid maidir leis an bhforbhreathnú ar chumas an chórais sláinte le haghaidh cúram sláinte nach mbaineann le Covid-19. Rinneadh an aighneacht sin ar an 1 Iúil 2020, agus tugtar breac-chuntas ann ar ábharthacht Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun seirbhísí a phleanáil go réamhghníomhach a bhfuil meas agus urraim acu do chomhionannas agus cearta an duine úsáideoirí agus foirne araon. Leag an Coimisiún amach freisin ábhar le meas maidir le planáil do phaindéim amach anseo.

Aighneacht faoin gcreat reachtach atá mar bhonn taca faoi fhreagairt an Stáit do Covid-19

Chuir an Coimisiún aighneacht eile faoi bhráid an Choiste Speisialta Oireachtais um Fhreagra ar Covid-19 i mí Mheán Fómhair 2020, inar admhaíodh gur féidir cearta áirithe an duine a shrianadh chun sláinte an phobail a chosaint, ach go gcaithfidh na srianta sin íosriachtanais áirithe a chomhlíonadh – dlíthiúlacht, riachtanas, comhréireacht agus neamh-idirdhealú. Anuas air sin, mhínigh an Coimisiún go gcaithfeadh prionsabail chearta an duine agus comhionannais bonn eolais a chur faoina gcur i bhfeidhm.

Dúirt an Coimisiún nach bhféadfaí na bearta éigeandála sin a úsáid ach i gcúinsí teoranta agus eisceachtúla; go gcaithfí na bearta sin a léirmhíniú go docht agus i bhfabhar na gceart ábhartha; agus nach bhféadfaidís dul níos faide ná a bhfuil ag teastáil go docht mar gheall ar phráinn an cháis.

Tháinig an Príomh-Choimisinéir, Sinéad Gibney, agus an Comhalta Coimisiúin, Sunniva McDonagh, os comhair an Choiste Speisialta Oireachtais um Fhreagra ar Covid-19 ar an 9 Meán Fómhair 2020.

Ráitis Beartais agus Aighneachtaí Eile

In 2020, chomh maith lenár gcuid oibre faoi Covid-19, chuireamar aighneachtaí sonracha faoi bhráid an Oireachtais, an Rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara ar na hábhair seo a leanas:

Bille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach)

Chuir an Coimisiún aighneachtaí faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí Feabhra 2020 faoi *Bhille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach)* inar tugadh

breac-chuntas ar ábhar imní chearta an duine agus comhionannais a bhain leis an reachtaíocht bheartaithe, agus inar pléadh coimircí in úsáid na teicneolaíochta faireachais chun coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Seimeastar Eorpach 2020 agus an Clár Athchóirithe Náisiúnta

I mí an Mhárta 2020, rinne an Coimisiún aighneacht faoin Seimeastar Eorpach, inar díriodh go sonrach ar réimsí an bheartais shóisialta, an mhargaidh saothair, agus oiliúna agus oideachais. I measc na moltaí a cuireadh faoi bhráid Roinn an Taoisigh bhí go dtabharfadh an Stát aghaidh ar chostais arda an chúraim leanaí in Éirinn ag féachaint le tacaí airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil, agus fóirdheontais a sholáthródh an Stát chun cúram leanaí d'ardchaighdeán agus inrochtana a chinntiú, go háirithe do thuismitheoirí aonair, tuismitheoirí ag a bhfuil acmhainní teoranta airgeadais, tuismitheoirí dífhostaithe agus tuismitheoirí atá ag tabhairt faoi oideachas lánaimseartha.

An Tionól Saoránach um Chomhionannas Inscne

I mí an Mhárta 2020, chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Tionóil Saoránach um Chomhionannas Inscne inar tugadh aghaidh ar ábhar imní i gceithre réimse a raibh a gcuid oibre ag díriú orthu:

- » **Maidir le Mná sa Saol Polaitiúil agus** Poiblí, mhol an Coimisiún go dtabharfaí ualach reachtúil do chuótaí inscne agus cothromaíocht inscne a chur i bhfeidhm ar bhoird cuideachtaí agus Stáit. Thug an Coimisiún le fios freisin gur cheart do choimisiún nua toghcháin plé le grúpaí a mbíonn bacainní os a gcomhair chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin, agus gur cheart do Chomhairle na mBreithiúna bearta a dhéanamh freisin chun ionadaíocht ban sa bhreithiúnacht a mhéadú

- » **Maidir le hInscne agus Obair Chuibhiúil,** tharraing an Coimisiún aird ar an éagothroime shuntasach inscne atá i gcóras fostaíochta na hÉireann fós maidir le bearnaí pá agus pinsin, agus i ndeighilt cheirde agus ordlathais freisin. Leag an Coimisiún béim ar an gcaoi a dteastóidh athchóiriú reachtach chun an prionsabal 'pá comhionann ar obair arb ionann a luach' a chur i bhfeidhm in Éirinn.

- » **Maidir le hInscne agus Obair Chúraim,** mhol an Coimisiún tacaí leordhóthanacha airgeadais a sholáthar, chomh maith le fóirdheontais a sholáthródh an Stát chun cúram leanaí d'ardchaighdeán agus inrochtana a chinntiú.

- » **Maidir le Noirm Inscne agus Steiréitíopaí,** mhol an Coimisiún go leasófaí na ranna den Bhunreacht maidir le ról na mban chun go mbeidís neodrach ó thaobh inscne de, go dtacófaí agus go n-aithneofaí obair chúraim agus go dtagrófaí do shaol an teaghlaigh, lena n-áirítear coincheap níos leithne ar shaol an teaghlaigh a aithnítear faoi dhlí idirnáisiúnta i leith chearta an duine. Tharraing an Coimisiún aird freisin ar an ngá atá le creat rialála chun fuathchaint a chomhrac, lena n-áirítear ciapadh agus mí-úsáid ar líne.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, rinne an Príomh-Choimisinéir cur i láthair go pearsanta don Tionól Saoránach ar an ábhar 'Mná i mBun Ceannaireachta'.

Clár an Rialtais

Fad a bhí idirbheartaíocht ar bun chun an chéad Rialtas eile a bhunú, scríobh an Coimisiún i mí Aibreáin 2020 chuig ceannairí gach páirtí pholaitiúil chun a áitiú orthu a chinntiú go mbeadh cearta an duine agus comhionannas ag croílár Chlár an Rialtais fós.

Rinne an Coimisiún ceithre phríomh-mholadh:

1. Athchóiriú reachtach chun cearta a chur chun cinn go dearfach agus idirdhealú a chosc
2. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm i ngach comhlacht sa Stát trí chur chuige cuimsitheach agus córasach
3. Leanúint leis an athchóiriú ar chóras na hÉireann d'iaratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta
4. Foráil a dhéanamh maidir le daingniú conarthaí idirnáisiúnta nár daingníodh fós

Ráiteas an Choimisiúin ar Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú in Éirinn

Thug an Coimisiún suntas do 20 bliain de *Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas Ciníoch* i mí an Mheithimh 2020 le ráiteas ardleibhéil faoi idirdhealú cine agus ciníoch in Éirinn. Dúirt an Coimisiún gur fadhb struchtúrach é an ciníochas in Éirinn, a dteastaíonn freagairt ón tsochaí ar fad air. Luaigh sé arís a éileamh ar an Rialtas aghaidh níos práinní a thabhairt ar an ngá atá lena chinntiú go bhfuil freagairt éifeachtach ar choireanna fuathchainte agus ar choireacht fuatha, chomh maith le creat rialála cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar fhuathchaint ar líne.

Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Ciníochais – Comhairliúchán

Chuir an Coimisiún le comhairliúchán straitéiseach ardleibhéil a stiúir Leas-Uachtarán Choimisiún an Aontais Eorpaigh, Věra Jourová, agus Coimisinéir an Aontais Eorpaigh um Chomhionannas, Helena Dalli, ar an 20 Iúil 2020. Rinne an Comhalta Coimisiúin, Colm O'Dwyer, aighneacht ó bhéal don chomhairliúchán sin.

Athbhreithniú ar Chiontuithe Spíonta

Leagadh amach i moltaí an Choimisiúin i mí na Samhna don Rialtas ar an athbhreithniú ar an *Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe) 2016* go mbeadh scéim ciontuithe spíonta níos ionchuimsithí lena mbaineann tairseacha pianbhreithe méadaithe agus sásra athbhreithnithe le haghaidh cionta níos tromchúisí ina chúnamh suntasach d'athshlánú agus ath-imeascadh ciontóirí sa tsochaí. Mhol an Coimisiún go n-athrófaí an reachtaíocht comhionannais chun idirdhealú ar fhoras ciontaithe choiriúil a chosc. Thabharfadh a leithéid d'athrú aghaidh ar an tionchar is féidir le ciontú coiriúil a imirt ar shaol duine nuair a theastaíonn fostaíocht, tithíocht, oideachas agus seirbhísí ar nós árachais, fiú na scórtha blianta níos deireanaí.

An Coiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais

Ina ról mar an Sásra Neamhspleách Monatóireachta ainmnithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais mar chuid dá Chomhairliúchán ar Théarmaí Tagartha agus Clár Oibre. Mhol an Coimisiún go dtiocfadh na téarmaí tagartha le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i dtéarmaí teanga agus sainmhínithe agus go mbeadh a phrionsabail ghinearálta mar bhonn faoi, go háirithe maidir le forbairt córais rannpháirtíochta atá go hiomlán ionchuimsitheach agus inrochtana do gach duine atá faoi mhíchumas.


Ar an lá ar foilsíodh an aighneacht, tháinig an Príomh-Choimisinéir agus an Comhalta Coimisiúin, an Dr Rosaleen McDonagh, os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais.



An Comhalta Coimisiúin, an Dr Rosaleen McDonagh, ag labhairt leis an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais, Samhain 2020

Páipéar Bán ar Sholáthar Díreach

Chuir an Coimisiún a mholtaí ar Pháipéar Bán an Rialtais ar Sholáthar Díreach faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí na Nollag 2020. Leag an Coimisiún amach seacht bprionsabal treorach ba cheart don Stát a ghlacadh ina athchóiriú ar a chóras cosanta idirnáisiúnta. Áirítear leo sin béim ar chomhtháthú ón gcéad lá, fáil ar oideachas agus oiliúint, agus rochtain luath agus éifeachtach ar an margadh saothair. Mhol an Coimisiún go n-aistreodh an Stát ón gcóras reatha cóiríochta i suíomhanna cruinnithe, a rithear chun brabús a thuilleamh. Ba cheart córas cóiríochta dhá chéim a chur in ionad shamhail an tSoláthair Dhíreach, a thabharfadh aghaidh ar na riachtanais tosaigh nuair a thagtar ar dtús, agus ar riachtanais chóiríochta níos fadtéarmaí.



Monatóireacht Conartha ar Chearta an Duine agus Comhionannas

Mar an foras náisiúnta um chearta an duine, bíonn monatóireacht an Choimisiúin ar staid chearta an duine in Éirinn agus na moltaí a thugaimid mar bhonn eolais faoi mheasúnuithe na gcomhlachtaí monatóireachta conartha ar an gcaoi a bhfuil Éire ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi choinbhinsiún idirnáisiúnta um chearta an duine.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh

I mí Eanáir 2020, chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta chun bonn eolais a chur faoina ullmhúchán ar an Liosta Saincheisteanna do thríú hathbhreithniú tréimhsiúil na hÉireann. Díriodh san aighneacht ar imní leanúnach maidir le coimircí agus maoirseacht neamhspleách ar shuíomhanna institiúideacha agus rochtain ar cheartas i gcás drochíde institiúide a tharla san am atá caite.

Téama eile ab ea an dul chun mall ar athchóiriú reachtach in Éirinn, go háirithe maidir le reachtaíocht a dhéanadh foráil maidir le cearta agus coimircí in aghaidh drochíde. Fiú nuair a rithear reachtaíocht, bíonn moill leanúnach ar chur i bhfeidhm praiticiúil na n-athchóirithe.

Na Náisiúin Aontaithe – An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla

Rinneadh an aighneacht seo i mí Lúnasa 2020 agus tugadh eolas inti do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine chun bonn eolais a chur faoina ullmhúchán den Liosta Saincheisteanna d'Éirinn, roimh a chúigiú hathbhreithniú tréimhsiúil ar an Stát. Tharraing an Coimisiún anuas ceisteanna faoin rochtain ar thriail chóir, sásamh do dhrochíde san am

atá caite, gáinneáil ar dhaoine, fuathchaint agus coireacht fuatha, agus tharraing sé anuas ceisteanna sonracha freisin maidir le cosaint ceart i rith phaindéim Covid-19.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hIrdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú

Rinne an Coimisiún an aighneacht seo i mí Lúnasa 2020 mar chuid den bheart leantach dhá bhliain i ndiaidh na mBreathnuithe Deiridh ar Éirinn ó Choiste Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hIrdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú in 2017. Thug an aighneacht aghaidh ar rochtain ar cheartas mar gheall ar dhrochíde ban agus cailíní san am atá caite, chomh maith le tionchar na mbeart déine ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus ar rochtain ar sheirbhísí ginmhillte.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Cuireadh an aighneacht faoi bhráid an Choiste um Chearta an Linbh i mí Lúnasa 2020 chun bonn eolais a chur faoina ullmhúchán ar an Liosta Saincheisteanna d'Éirinn, roimh a cheathrú hathbhreithniú tréimhsiúil ar Éirinn. I dteannta croí-cheisteanna straitéiseacha ar nós creat dlí agus beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh chosaint chearta an linbh, foréigean in aghaidh leanaí, cearta aitheantais agus rochtain ar oideachas agus seirbhísí, phléigh an aighneacht chomh maith tionchar phaindéim Covid-19 agus fhreagairt na hÉireann ar chearta an linbh.

Chomhairle na hEorpa – Cairt Shóisialta na hEorpa

I dtuarascáil an Choimisiúin i mí an Mheithimh 2020 chuig Comhairle na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na Cairte sa Stát, tarraingítear aird ar rogha leanúnach an Stáit gan glacadh le hAirteagal 31(1–3). Is é sin freagracht an Stáit rochtain ar thithíocht ar chaighdeán

leordhóthanach a chur chun cinn; easpa dídine a chosc agus a laghdú, ag féachaint le deireadh a chur léi de réir a chéile; agus praghas na tithíochta a dhéanamh inrochtana dóibh siúd gan acmhainní leordhóthanacha.

Tharraing an Coimisiún aird ar roinnt ábhair imní faoi bheartais tithíochta reatha a d'fhéadfadh grúpaí mionlach agus leochaileacha (daoine gorma, náisiúnaigh nach ón Aontas Eorpach iad, tuismitheoirí aonair, daoine atá faoi mhíchumas, agus an Lucht Siúil) a fhágáil neamhchosanta ar leibhéal níos airde idirdhealaithe agus iad ag iarraidh tithíocht a rochtain, neamhionannas i dtorthaí caighdeán tithíochta (díothacht agus plódú), agus baol níos airde easpa dídine. Tarraingíodh aird freisin ar rogha na hÉireann gan glacadh le gnéithe de sheirbhísí cúraim leanaí, cearta na n-oibrithe, agus cearta na máithreacha a bhíonn ag obair taobh amuigh den bhaile.

I bhfócas: Ról Nua mar Rapóirtéir Náisiúnta na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc

I mí Dheireadh Fómhair 2020, ainmníodh an Coimisiún de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 432 de 2020 – *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac) (An Rapóirtéir Náisiúnta)*, 2020 mar Rapóirtéir Náisiúnta na hÉireann ar Gháinneáil ar Dhaoine.

Tugann Airteagal 19 de Threoir Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh ceanglas atá ceangailteach ó thaobh dlí isteach do gach Ballstáit AE Rapóirtéirí Náisiúnta nó sásraí comhionanna a bhunú.

Mar Rapóirtéir Náisiúnta, déanann an Coimisiún monatóireacht ar fheidhmíocht na hÉireann maidir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit faoi *Threoir Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh*,


chomh maith le *Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, 2005* agus *Prótacal Palermo lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, 2000*.

Fianaise chun Bonn Eolais a chur faoi Bheartas agus Cleachtas

Tá sé d'aidhm ag clár taighde an Choimisiúin fianaise a sholáthar le haghaidh monatóireacht ar chearta an duine agus comhionannas agus le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais i réimse chearta an duine agus an chomhionannais.

An Clár Taighde le ESRI do Chearta an Duine agus Comhionannas

Foilsíodh tuarascáil taighde eile in 2020 maidir le meonta ceilte versus nochta i leith mionlach, tuarascáil a d'eascair as Clár Taighde an Choimisiúin um Chearta an Duine agus Comhionannas leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). I rith 2020 freisin, rinneadh dul chun cinn ar obair ar dhá staidéar faoi mhonatóireacht ar chearta sóisialta in Éirinn maidir le hobair chuibhiúil agus tithíocht leordhóthanach.



I bhfócas: Hidden Versus Revealed Attitudes: A List Experiment on Support for Minorities in Ireland

Rinneadh comparáid sa 'turgnamh liosta' seo, dar teideal *"Hidden versus revealed Attitudes: A List Experiment on support for Minorities in Ireland"* idir meonta a cuireadh in iúl go hanaithnid agus meonta a cuireadh in iúl ar bhealach níos oscailte, chun iarracht a dhéanamh a mhéad a choinníonn daoine tuairimí conspóideacha faoi cheilt i rith suirbhéanna a thuiscint.

D'fhoilsigh an Coimisiún agus ESRI an staidéar a léiríonn go mbraitheann a mhéad a choinníonn daoine a dtuairimí diúltacha faoin imirce faoi cheilt ar an ngrúpa mionlach atáthar á gceistiú faoi, chomh maith le hinscne, aois agus cúlra oideachais na bhfreagróirí.

I measc thorthaí an taighde, léiríodh:

- » Tá brú sóisialta chun caoinfhulaingt a léiriú i bhfad níos mó nuair a cheistítear daoine faoi dhaoine gorma ag teacht go hÉirinn le hais daoine Moslamacha ag teacht go hÉirinn.
- » Cé gur léirigh 66% de dhaoine tacaíocht oscailte do níos mó daoine gorma teacht go hÉirinn, thit sé sin go 51% nuair a d'fhéadfadh na freagróirí a meon a cheilt.
- » Bhí tacaíocht oscailte do níos mó imirce Moslamach níos ísle, agus ní raibh aon fhianaise ar mheonta a cheilt.

Comhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn

Ag eascairt as glao um thaighde in 2018, chómhainigh an Coimisiún agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn staidéar dar teideal *"What Works? Sharing Best Practices in how Civil Society Organisations use the Internet in Organising and Building for Socioeconomic Rights and Trust"*. Stiúir na taighdeoirí an Dr Aileen O'Carroll, Ollscoil Mhá Nuad agus an Dr David Landy, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an staidéar seo, agus chríochnaigh sé le trí thuarascáil idirnasctha a foilsíodh i ndeireadh 2020, lena n-áirítear tuarascáil dar teideal *"What Worked? How Abortion Activists in Ireland Organised for Victory"*; tuarascáil ar réiteach aighnis dar teideal *"How Activists Resolve Conflicts"*; agus tuarascáil dar teideal *"Using Digital Tools to Organise for Social Change"*.

I ndiaidh gairm eile ar thaighde in 2019 tá an Coimisiún agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn ag cómhainiú staidéar dar teideal *"Irish Travellers' Access to Justice"*, atá le déanamh ag an Dr Amanda Haynes agus an Dr Jennifer Schweppe, Ollscoil Luimnigh. Cuireadh tús leis an tionscadal sin i mí na Nollag 2020 tar éis tús an tionscadail a chur siar naoi mí mar gheall ar Covid-19.

In 2020, cuireadh clabhsúr le líonra taighde cómhainithe dar teideal 'The Irish Consortium for the Promotion of Women in Peace Mediation and Negotiations', a stiúir an Dr Heidi Reily sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Seoladh gearrscannán a thug léargas ar an tionscnamh ag seimineár i mí an Mhárta 2020, agus foilsíodh tuarascáil.



Lucht freastail ar an imeacht 'Building Networks: Voices of Women in Peace Mediation', Márta 2020

Taighde Eile a Coimisiúnaíodh

Suirbhéireacht ar Mheonta maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas

Coimisiúnaíodh Amárach Research chun pobalbhreith bliantúil a dhéanamh ar feadh trí bliana ina ndírítear ar fheasacht ar obair an Choimisiúin, agus meonta i leith príomhcheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas in Éirinn. Cuireadh an chéad phobalbhreith i gcrích i mí na Nollag 2020 agus baineadh leas as a torthaí in obair mheán ar Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine (an 10 Nollaig 2020), chomh maith le hobair mheán ar an bhfeachtas feasachta in aghaidh an chiníochais a seoladh aimsir na Nollag in 2020.

Bhí roinnt staidéir eile a coimisiúnaíodh fós ar bun amhail deireadh 2020. Áiríodh leo siúd staidéir ar:

- » úsáid cumhachtaí éigeandála i rith Phaindéim Covid-19
- » idirdhealú ar an bhforas cúnamh tithíochta
- » aitheantas bunreachtúil do chearta sóisialta
- » fadhbanna a bhíonn le sárú ag an aos óg in Éirinn ar den dara glúin eitneachta mionlaigh iad.

I bhfócas: Dúshlán Thionchar an Bhreathimeachta ar Chearta an Duine agus Comhionannas a Thabhairt

Bhí an Breatimeacht agus an imní faoi chearta an duine agus comhionannas lena mbaineann atá ar mhuintir an oileáin ina bpríomhábhar béime don Coimisiún in 2020 agus muid ag leanúint lenár gcuid oibre mar chuid de Chomhchoiste Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine agus Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta), mar fhóram Thuaidh-Theas chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna chearta an duine ar oileán na hÉireann.

I mí an Mhárta 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún, i gcomhar le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, dhá thuarascáil taighde inar leagadh amach ceisteanna sonracha faoi chearta saoránachta.

Legal analysis of incorporating into UK law the birthright commitment under the Belfast (Good Friday) Agreement 1998

Tugtar anailís dlí san fhoilseachán seo, a tháinig Alison Harvey ó No5 Chambers, ar an tiomantas maidir le haitheantas don cheart dúchais atá i gComhaontú 1998 a chuimsiú i ndlí imirce agus náisiúntachta na Ríochta Aontaithe.



Seolann Caroline Fennell agus Les Allamby an tuarascáil 'Continuing EU Citizenship "Rights, Opportunities and Benefits" in Northern Ireland after Brexit'

Continuing EU Citizenship "Rights Opportunities and Benefit" in Northern Ireland after Brexit

Tháinig an Dr Sylvia de Mars agus Colin Murray, Ollscoil Newcastle, an tOllamh Aoife O'Donoghue, Ollscoil Durham agus an Dr Ben Warwick, Ollscoil Birmingham, an tuarascáil seo ina bhfiosraítear saoránacht AE agus a bhfuil i gceist léi go praiticiúil i gcomhthéacs an tiomantais an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar chun cead a thabhairt do mhuintir Thuaisceart Éireann a aithníonn iad féin mar Éireannaigh cearta a choinneáil faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

Tháinig rialacha nua imirce i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta ar an 24 Lúnasa 2020. Rinneadh an bheirt Phríomh-Choimisinéirí comóradh ar an dáta trí alt a scríobh le chéile don Belfast Telegraph ina leagtar amach go gcaithfí réiteach níos fadtéarmaí ar chearta saoránach a chur i bhfeidhm de réir na hanailíse dlí a chuir an Comhchoiste i láthair.

Cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Cinn

Éilítear ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, lucht úsáidte a seirbhísí agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint.

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ina chuid de dhlí na hÉireann ó 2014 i leith, agus leagtar amach é in Alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Tá sainordú ag an gCoimisiún treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.

Rannpháirtíocht leis an Earnáil Phoiblí

I rith 2020, lean an Coimisiún lena chuid oibre chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Dualgais ar fud earnáil poiblí na hÉireann. Réachtáladh seimineár gréasáin faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí ar an 16 Iúil 2020 le haghaidh Ranna Rialtais ag am tábhachtach do chur i bhfeidhm an Dualgais agus na Ranna ag cur tús le hathbhreithniú ar a bpróisis straitéise féin. D'fhreastail ionadaithe sinsearacha ó 16 roinn ar an seimineár.

Bhí an Coimisiún rannpháirteach i meitheal 'Ár Seirbhís Phoiblí' le haghaidh Ghníomh 16: Comhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht a Chur Chun Cinn de chuid Chlár Oibre Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a dhíríonn ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn sa státseirbhís agus sa tseirbhís poiblí.

Tá an Coimisiún ina chuid den Choiste Stiúrtha den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach. Mar chuid dá cheanglais faoin Straitéis, sholáthair an Coimisiún, le hionchur ó Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh agus an Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil, oiliúint d'fhoireann shinsearach sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar Dhualgas na hEarnála Poiblí ar an 25 Feabhra 2020 i mBaile Átha Cliath agus ar an 26 Feabhra 2020 i mBaile Átha Luain.

Rinneadh ionadaíocht ar an gCoimisiún ar Choistí Stiúrtha Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, agus na Straitéise Náisiúnta LADTI+ agus thug sé ionchur do chomhlachtaí poiblí agus ionadaithe sochaí sibhialta ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine sna fóraim sin.

Suíonn ionadaithe an Choimisiúin ar Choiste Monatóireachta de chuid trí Chlár Oibríochta le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, 2014–2020; An Clár um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim; Clár Oibríochta na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus Clár Oibríochta an Deiscirt agus an Oirthir.

Tá ról sonrach ag an gCoimisiún i monatóireacht a dhéanamh ar chloí le Prionsabal Cothrománach an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe agus i dtuarascáil bhliantúil mhonatóireachta ar chomhionannas a ullmhú do gach Clár. Leanadh leis an ról sin in 2020 agus chuir sé deis ar fáil aird a tharraingt ar Dhualgas na hEarnála Poiblí i measc comhlachtaí poiblí éagsúla a bhaineann tairbhe as an maoiniú.

Ghlac an Coimisiún páirt freisin i gCoiste Faireacháin an chlár PEACE IV agus i gCoiste Faireacháin an chlár Interreg VA chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an phrionsabail chothrománaigh maidir le deiseanna comhionanna agus

neamh-idirdhealú agus comhairle ar chur i bhfeidhm an phrionsabail chothromaigh sin. I rith 2020, rinneadh ionadaíocht ar an gCoimisiún freisin ar Ghrúpa Stiúrtha na Forbartha Cláir don chlár PEACE PLUS 2021–2027 de chuid an Aontais Eorpaigh atá ar na bacáin.

Déantar ionadaíocht ar an gCoimisiún freisin ar Ghrúpa Stiúrtha an Phróisis Comhpháirtíochta a bunaíodh i mí Eanáir 2020 chun pleanáil don chéad bhabhta eile de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, 2021–2027.

Bíonn an Coimisiún rannpháirteach sa Ghrúpa Stiúrtha a mhaoirsíonn cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

Acmhainní chun Tacú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach an Dualgais

Léiríodh físeán gairid beochana faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i mí Mheán Fómhair 2020, chun an Dualgas agus a gcaithfidh comhlachtaí poiblí a dhéanamh maidir lena chur i bhfeidhm a mhíniú. Is féidir breathnú ar an bhfíseán gairid sin ar : <https://vimeo.com/455511669>

Anuas air sin, d'fhorbair an Coimisiún dhá uirlis treorach chun tacú le comhlachtaí poiblí an Dualgas a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

- » *Cabhrú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine: Uirlis do chur chuige sainchomhairleachta; agus*
- » *Cabhrú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine: Uirlis le haghaidh measúnú bunaithe ar fhianaise ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine.*

Scaipeadh na huirlisí sin chuig ceannasaithe na gcomhlachtaí poiblí ar fad i mí Mheán Fómhair 2020. Tá na hacmhainní ar fad ar fáil ar: <https://www.ihrec.ie/our-work/public-sector-duty/>

D'fhorbair an Coimisiún *Treoir nóta maidir le Covid-19 agus Dualgas na hEarnála Poiblí* i mí Iúil 2020 chun cabhrú le comhlachtaí poiblí leas a bhaint as an Dualgas chun gnéithe comhionannais agus chearta an duine a chuimsiú i bhfreagairt agus pleananna téarnaimh Covid-19.

Tá an Coimisiún ag obair le OneLearning, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, atá freagrach as an oiliúint ar fad a chuirtear ar fáil go comónta don Státseirbhís, agus é d'aidhm leis príomhshruthú na hoiliúna ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun cinn sa státseirbhís.

Scéim Sparánachta Mac Léinn don Dioplóma Gairmiúil

Tá sé d'aidhm leis an scéim sparánachta tacú le cumas sa tsochaí sibhialta chun cur i bhfeidhm éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí a chur chun cinn. Agus é ina chúigiú bliain anois, bhronn an Coimisiún sparánacht ar sheisear ó eagraíochtaí sochaí sibhialta mar mhic léinn ionchais don Dioplóma Gairmiúil i gCeartha an Duine agus Comhionannas ag an bhForas Riaracháin. Fuarthas 78 iarratas san iomlán.

Tháinig na daoine a fuair sparánacht ó raon eagraíochtaí, mar atá Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, an comharchumann Fórsa, Spiritan Asylum Services Initiative (SPIRASI), AsIAM, Gay Health Network agus Tipperary Rural Travellers Project.

Ceardchumann agus an Dualgas

Reáchtáladh seimineár gréasáin maidin an 22 Deireadh Fómhair, a eagraíodh i gcomhar le Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) dar teideal 'Promoting and Protecting Human Rights and Equality: The Potential of the Public Sector Equality and Human Rights Duty for Trade Unions'.

D'fhreastail níos mó ná 90 ionadaí ó na ceardchumann air. Thug David Prentis, Ard-Rúnaí UNISON, ceardchumann sheirbhís phoiblí na Ríochta Aontaithe, an spreagaitheasc agus thug léargas praiticiúil ar an úsáid a bhaineann UNISON as Dualgas Comhionannais na hEarnála Poiblí sa Ríocht Aontaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun cosaint níos fearr ar chearta oibrithe agus seirbhísí ar chaighdeán níos fearr a chur chun cinn.



James Connington, an Foras Riaracháin, Deirdre Toomey, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Dónal Rice, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus Jacqueline Healy, IHREC – Ag teagasc ar Dhioplóma Gairmiúil an Fhorais Riaracháin



Hannah Collins, IHREC, Jacqueline Healy, IHREC, Marianna Prontera, Pavee Point, Maria Joyce, an Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil agus Gabi Florica Muntean, Pavee Point, ag teagasc le linn oiliúint Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine le haghaidh na Roinne Oideachais agus Scileanna

Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais

Tugtar faoi Athbhreithnithe Comhionannais faoi Alt 32 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Tá cumhacht reachtúil ag an gCoimisiún iarraidh ar ghnóthais phoiblí nó príobháideacha tabhairt faoi athbhreithniú ar chomhionannas deiseanna go ginearálta, nó ar ghné áirithe idirdhealaithe faoi reachtaíocht frith-idirdhealaithe na hÉireann, mar atá na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus/nó na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha freisin Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun díriú ar réimsí sonracha a eascraíonn as athbhreithnithe comhionannais.

Seirbhísí Cóiríochta Cuí don Lucht Siúil

D'iarr an Coimisiún ar an 31 údarás áitiúil sa Stát tabhairt faoi athbhreithniú ar a soláthar cóiríochta don Lucht Siúil. Díreann sna hathbhreithnithe comhionannais ar mhainneachtain go náisiúnta buiséad caipitil imfhálaithe a tharraingt anuas chun oibleagáidí i leith cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach a chomhlíonadh. Iarradh ar na húdaráis áitiúla tabhairt faoi athbhreithniú ar na cleachtais, nósanna imeachta agus cúinsí ábhartha eile i leith maoiniú caipitil a tharraingt anuas agus soláthar seirbhísí cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach. Foilsíodh cuntas ar na hathbhreithnithe Comhionannais sin ar ár suíomh gréasáin: <https://www.ihrec.ie/our-work/equality-reviews/>

I bhfócas: Measúnú ar na hathbhreithnithe Comhionannais a rinne Údaráis Áitiúla ar Chóiríocht don Lucht Siúil

I mí an Mheithimh 2019, d'iarr an Coimisiún ar an 31 údarás áitiúil tabhairt faoi athbhreithniú comhionannais ar:

- » leibhéal an chomhionannais deiseanna agus/nó idirdhealaithe atá ann i gcás daoine den Lucht Siúil a dteastaíonn uathu leas a bhaint as cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach, agus aird ar tharraingt anuas an mhaoinithe caipitil san údarás áitiúil chun na críche sin; agus
- » a gcleachtais, nósanna imeachta agus cúinsí ábhartha eile i leith maoiniú caipitil a tharraingt anuas agus soláthar seirbhísí cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach.

De bharr fianaise láidir ar thearc-chaitheamh seasta ar an mbuiséad cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach, chuir an Coimisiún tús leis na hathbhreithnithe comhionannais sin chun eolas a bhailiú ó chomhairlí agus tabhairt faoi athbhreithniú córasach ar na ceisteanna a spreagann an tearc-chaitheamh i roinnt ceantair údarás áitiúil agus, dá bhrí sin, go náisiúnta.

Leis an tuarascáil bhliantúil seo, d'fhoilsigh an Coimisiún cuntais ar athbhreithnithe comhionannais na n-údarás áitiúil, a díriodh ar a soláthar cóiríochta don Lucht Siúil.

I gcás gach údarás áitiúil, rinne an Coimisiún sraith moltaí, agus d'iarr sé ar gach comhairle tuairisciú dó, ag sonrú na mbeart a rinneadh, nó atá beartaithe.

Tá siad seo a leanas i measc cuid de na príomhcheisteanna uileghabhálacha a thagann chun cinn ó na hathbhreithnithe comhionannais sin:

Tearc-chaitheamh ar tharraingt anuas cistí leithdháilte:

Chomh maith le tearc-chaitheamh seasta, tá sé tábhachtach gnéithe eile den chóras reatha a lua. Mar shampla, foráiltear sa bhuiséad cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach le haghaidh obair athchóirithe ar chóiríocht atá ann cheana féin. Mar sin d'fhéadfadh go mbainfeadh an caiteachas le hathchóiriú nó feabhas ar láithreáin reatha, seachas aonaid nua chóiríochta a sholáthar. Tarraingíonn na comhairlí aird ar na deacrachtaí a bhaineann le faomhadh caiteachais a chinntiú agus tá deacrachtaí ann freisin maidir le mionsonraí tionscadal a chomhaontú (dearadh láithreáin agus an cineál cóiríochta), agus comhairliúcháin agus plé a mhaireann i bhfad.

An riachtanas cóiríochta don Lucht Siúil faoi láthair a shainaithint

Go hiondúil, bunaíonn comhairlí na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ar iarratais ar thithíocht shóisialta agus ar mheastachán bliantúil ar líon an Lucht Siúil ina gceantar. Tá difríochtaí i bpróisis na n-údarás áitiúil chun riachtanais agus roghanna an Lucht Siúil a mheasúnú. Tarraingíonn sé sin anuas imní faoi chomh maith agus a ghabhann an próiseas measúnaithe ar riachtanais an daonra Lucht Siúil ar fad i gceantar údaráis áitiúil.

Riachtanais amach anseo agus réamh-mheasta:

Níl aon bhealach ag daoine iad féin a aithint mar dhuine den Lucht Siúil ar an

bhfoirm iarratais ar thithíocht shóisialta, agus mar sin bíonn sé deacair sonraí inchreidte a fháil faoi líon an daonra Lucht Siúil i gceantair údaráis áitiúil, nó pleanáil le haghaidh riachtanais agus roghanna cóiríochta amach anseo. Shonraigh roinnt údaráis áitiúla an easpa sin le heitneacht a aithint sa tréimhse a scrúdaíodh mar fhadhb, agus tá impleachtaí aige maidir leis an Lucht Siúil a shainaithint, agus a chuimsiú, i sruthanna sonracha tithíochta.

Fíor-rogha Cóiríochta an Lucht Siúil a shainaithint:

Níl ceist fíor-rogha cóiríochta an Lucht Siúil (.i. cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach le hais tithíocht shóisialta) sách trédhearcach, ná ní léir gur deimhníodh í go neamhspleách le himeacht ama. Tá imní ann go measann roinnt den Lucht Siúil go bhfuil easpa cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach ann, nó go bhfuil siad an-mhíshásta leis an bplódú agus na drochdhálaí sláinteachais i gcóiríocht dá leithéid, agus chuige sin go gcreideann siad nach bhfuil an dara rogha acu ach cur isteach ar thithíocht shóisialta.

Rochtain Iarrthóirí Tearmainn agus Dídeanaithe ar Chuntais Bhainc

D'iarr an Coimisiún ar Bhanc na hÉireann agus Permanent TSB tabhairt faoi Athbhreithnithe Comhionannais ar a gcleachtais agus nósanna imeachta maidir le soláthar cuntais bhainc do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn. Foilsíodh cuntas ar na hAthbhreithnithe Comhionannais sin ar fad ar ár suíomh gréasáin: <https://www.ihrec.ie/our-work/equality-reviews/>

Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais

I rith 2019, i ndiaidh na hathbhreithnithe comhionannais a chur i gcrích, d'eisíomar sé chuireadh chun Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Taithí Úsáideoirí Seirbhíse a Úsáideann Seirbhís Cóireála Ópóideach

In 2019, d'iarramar ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear maoirsiú neamhdhíreach ar shamplaí múin a fháil i bhfeidhm de réir a chéile sna seirbhísí cóireála andúile go náisiúnta. In 2020, chinn an Coimisiún go raibh freagairt Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar na hiarratais chun tabhairt faoi Athbhreithniú Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais sásúil. Foilsíodh cuntas ar an Athbhreithniú Comhionannais sin ar ár suíomh gréasáin: <https://www.ihrec.ie/our-work/equality-reviews/>

Rochtain Náisiúnach Neamh-LEE ar Sheirbhísí Cóiríochta Údaráis Áitiúil i mBaile Átha Cliath

D'iarr an Coimisiún ar na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath tabhairt faoi Athbhreithniú Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais maidir le rochtain náisiúnach nach Éireannaigh iad (náisiúnaigh LEE agus

náisiúnaigh neamh-LEE) ar sheirbhísí tithíochta sóisialta chomh maith le comhionannas deiseanna a chur chun cinn le haghaidh náisiúnaigh LEE agus náisiúnaigh neamh-LEE i leith rochtain ar thithíocht shóisialta, i dteannta seirbhísí easpa dídine.

Tá na ceithre údarás áitiúla i mbun na bpróiseas sin leis an gCoimisiún ó 2018. Agus deireadh á chur leis an bpróiseas, d'iarr an Coimisiún na ceisteanna seo a leanas ar na ceithre údarás áitiúla:

1. An bhfuil an t-údarás áitiúil fós ag cur Ciorclán 41/2012 (an 'Ciorclán') i bhfeidhm i gcás náisiúnach nach Éireannaigh iad agus a lorgaíonn rochtain ar thithíocht shóisialta?
2. An bhfuil an t-údarás áitiúil fós ag cur Ciorclán 41/2012 i bhfeidhm i gcás náisiúnach nach Éireannaigh iad agus a lorgaíonn rochtain ar sheirbhísí easpa dídine?
3. Nuashonrú a thabhairt ar ghníomhartha a rinne an t-údarás áitiúil chun go laghdófaí na bacainní a bhíonn os comhair náisiúnaigh nach Éireannaigh iad teacht ar sheirbhísí; agus
4. Nuashonrú a thabhairt ar ghníomhartha a rinne an t-údarás áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar a bhonneagar comhionannais eagraíochtúil.

Tuairiscíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) sa chás go bhfuil foráil ón gCiorclán ag teacht salach ar dhlí an Aontais Eorpaigh, go gcloífidh CCBÁC le dlí an Aontais agus ní chuirfear an Ciorclán i bhfeidhm. Deir CCBÁC nach n-úsáidtear an Ciorclán mar threoir chun iarratais ar sheirbhísí easpa dídine a mheasúnú. Tá cuntas ar Athbhreithniú Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais CCBÁC ar fáil ar ár suíomh gréasáin: <https://www.ihrec.ie/our-work/equality-reviews/>

Tuairiscíonn Comhairle Contae Fhine Gal (CCFG) nach n-úsáideann sí Ciorclán 41/2012 mar bhonn an mheasúnaithe ar thacaíochtaí tithíochta sóisialta i gcás náisiúnach nach Éireannaigh iad. Tuairiscíonn CCFG nach n-úsáideann sí Ciorclán 41/2012 sa mheasúnú ar náisiúnaigh nach Éireannaigh iad a úsáideann seirbhísí easpa dídine. Tá cuntas ar Athbhreithniú Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais CCFG ar fáil thíos: <https://www.ihrec.ie/our-work/equality-reviews/>

Dúirt Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (CCDLRD) leis an gCoimisiún go bhfuil sí i mbun breithniú faoi láthair ar chur i bhfeidhm an Chiorcláin i gcás náisiúnach nach Éireannaigh iad agus a lorgaíonn rochtain ar thithíocht shóisialta, agus go bhfreagróidh sí an Coimisiún in am trátha. Tuairiscíonn CCDLRD nach n-úsáidtear an Ciorclán mar threoir chun iarratais ar sheirbhísí easpa dídine a mheasúnú. Tá cuntas ar Athbhreithniú Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais CCDLRD ar fáil ar ár suíomh gréasáin: <https://www.ihrec.ie/our-work/equality-reviews/>

Chuir Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) a hAthbhreithniú Comhionannais isteach i mí Mheán Fómhair 2018 agus *"A More Inclusive County - South Dublin County Council's Integration Strategy"* mar a Plean Gníomhaíochta Comhionannais i mí an Mheithimh 2019. Bhí an Coimisiún i mbun comhfhreagrais le CCÁCT chun an próiseas a thabhairt chun críche i mí na Bealtaine 2021, agus é ag lorg nuashonrú ar na ceithre cheist thuasluaite. Dúirt CCÁCT leis an gCoimisiún go bhfuil sí i mbun na ceisteanna sin a fhreagairt faoi láthair. Níl aon chuntas ar Athbhreithniú Comhionannais ná Plean Gníomhaíochta Comhionannais CCÁCT ar fáil tráth an fhoilsithe.

Taithí Neamhnáisiúnach ag Teacht ar Sheirbhísí Saor in Aisce Dochtúirí Ginearálta
In 2019, d'iarr an Coimisiún ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Plean Gníomhaíochta

Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le soláthar ateangaireachta do dhaoine a úsáideann seirbhísí dochtúirí ginearálta. Bhí sé sin fós ar bun amhail deireadh 2020.

Cóid Chleachtais a Ullmhú

Tá feidhm dlí ag an gCoimisiún freisin cóid chleachtais a ullmhú chun cur le cearta an duine a chosaint, idirdhealú a dhíbirt agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Is féidir forálacha na gcód sin a úsáid mar fhianaise inghlactha agus is féidir iad a chur san áireamh in aon imeachtaí os comhair na cúirte, an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na Cúirte Oibreachais.

Chuir an Coimisiún na Cóid Chleachtais seo a leanas i gcrích roimhe seo, cóid atá ag fanacht ar fhaomhadh Aireachta faoi láthair:

- » Dréacht de Chód Cleachtais maidir le Pá Comhionann; agus
 - » Dréacht athbhreithnithe de Chód Cleachtais i leith Ciapadh Gnéasach agus Ciapadh ag an Obair.
- I rith 2020, chuir an Coimisiún an Cód Cleachtais seo a leanas i gcrích, cóid atá ag fanacht ar fhaomhadh Aireachta faoi láthair:
- » Dréacht-Chód Cleachtais maidir le Cearta Teaghlach ag Ionchoisní.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3: **Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine**

CUSPÓIRÍ

- » Rannpháirtíocht an phobail in obair an Choimisiúin a mhéadú;
- » Caidrimh leis an tsochaí shibhialta a threisiú agus timpeallacht chumasaithe a chothú d'fhorbairt chearta an duine, lena n-áirítear trí struchtúir fhoirmiúla na gcoistí comhairleacha; agus
- » Plé le haon eagraíocht a bhaineann lenár sainordú agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn.

Rannpháirtíocht leis an tSochaí Sibhialta

D'ainneoin Covid-19, lean an Coimisiún ag tabhairt daoine aonair agus eagraíochtaí le chéile chun faisnéis agus taithí a mhalartú leis an gCoimisiún ar phríomhábhar imní faoi chomhionannas agus cearta an duine i gcaitheamh 2020. Áiríodh leis an obair sin:

- » seisiún eolais a reáchtáladh ar an 18 Feabhra le mná den Lucht Siúil ó Cork Traveller Visibility Group atá ag tabhairt faoi dhioplóma ceannaireachta dhá bhliain le Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Tugadh ionchuir don Choimisiún agus dá obair agus do thuarascálacha ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a cuireadh faoi bhráid an Choiste um Idirdealú Ciníoch a Dhíothú agus Choiste Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hIdirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú, chomh maith le haighneacht ar an Athbhreithniú ar an Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha. Tugadh achoimre do rannpháirtithe ar an reachtaíocht comhionannais agus an chosaint a thugann sí do dhaoine i bpobal an Lucht Siúil;
- » Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Covid-19 dar teideal Promoting and Protecting Human Rights and Equality – Challenges and Opportunities, a reáchtáladh ar an 20 Deireadh Fómhair 2020. Cuimsíodh lena théamaí tionchar reachtaíocht Covid-19, a thionchar ar dhaoine a chónaíonn i suíomhanna cruinnithe agus ar ghrúpaí leochaileacha go háirithe. D'fhreastail níos mó ná 70 ionadaí ó eagraíochtaí sochaí sibhialta ar an imeacht fíorúil sin;
- » seimineár gréasáin, a reáchtáladh ar an 19 Samhain 2020 maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas le hOibrithe Tacaíochta Romach a oibríonn go díreach le baill den Phobal Romach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus a gcearta a bhaint

amach. Leag an Coimisiún amach ár gcuir chuige i leith beartais, an dlí agus dhualgas na hearnála poiblí chun dul i ngleic leis an idirdhealú a fhulaingíonn an pobal Romach;

- » imeacht rannpháirtíochta a dhírigh ar Chóras Cosanta Idirnáisiúnta na hÉireann, a reáchtáladh ar an 1 Nollaig 2020. Thug an cruinniú comhaltaí Coimisiúin le chéile le 40 rannpháirtí, lena n-áirítear daoine a bhfuil taithí dhíreach acu ar an gCóras Cosanta Idirnáisiúnta; agus ionadaithe ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Chuala na comhaltaí Coimisiúin faoin dtaithí agus a moltaí don athrú go pearsanta; agus
- » imeacht rannpháirtíochta a dhírigh ar chearta socheacnamaíocha, bochtanas agus idirdhealú socheacnamaíoch a reáchtáladh ar an 10 Nollaig 2020. Thug an t-imeacht seo comhaltaí Coimisiúin le chéile le 20 rannpháirtí, lena n-áirítear daoine a chónaíonn faoi bhochtanas a raibh taithí acu ar idirdhealú socheacnamaíoch agus ceannairí grúpaí áitiúla agus náisiúnta frithbhochtanaí. Eagraíodh an t-imeacht le tacaíocht ó All Together in Dignity (ATD) Ireland, an Lónra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht, Irish National Organisation of the Unemployed (INOU) agus Community Action Network (CAN).



Rannpháirtithe ag an imeacht um Chearta an Duine, Comhionannas agus Bearta Poiblí, le Cork Traveller Visibility Group, 'Mná i mBan Ceannaireachta'

Ár Spás Poiblí

Tairgeann an Coimisiún úsáid a spáis phoiblí atá go hiomlán inrochtana d'eagraíochtaí sochaí sibhialta a chuireann cearta an duine agus comhionannas chun cinn.

Roimh phaindéim Covid-19 in 2020, chonaiceamar éileamh mór ar úsáid ár spáis phoiblí sa Choimisiún idir mí Eanáir agus mí an Mhárta. Anuas ar an úsáid a bhain an Coimisiún féin as an spás ilfheidhmeach seo, d'eagraigh raon leathan eagraíochtaí sochaí sibhialta 14 imeacht sheachtracha a raibh os cionn 600 duine bainteach leo agus a thug aghaidh ar réimse ceisteanna a bhain le cearta an duine agus comhionannas.



Dil Wickremasinghe ag labhairt ag seoladh thuarascáil AkiDwA dar teideal 'Let's Talk Mental Health Experiences of Migrant Women', Eanáir 2020

An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais

Ceapadh comhaltaí Choiste Comhairleach an Choimisiúin ar Ghnóthaí Míchumais i mí na Nollag 2018 trí chomórtas oscailte poiblí.

Is é ról an Choiste:

1. cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas;
2. comhairle a chur ar an gCoimisiún ar chomhlíonadh a ról neamhspleách monatóireachta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Tháinig an Coiste le chéile sé huairé i rith 2020 agus mheas a chuid oibre cearta sonracha a leagtar amach i gCoinbhinsiún sin na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear:

- » An ceart chun obair a dhéanamh agus chun fostaíochta;
- » An ceart chun caighdeán maireachtála leordhóthanach agus chun coimirce shóisialach;
- » An ceart chun sláinte;
- » Cearta leanaí atá faoi mhíchumas; agus
- » An ceart chun aitheantas cothrom faoin dlí.

Rinne an Coiste breithniú freisin ar thionchar Covid-19 ar dhaoine faoi mhíchumas. Chuir dearcthaí an Choiste bonn eolais faoi rannpháirtíocht an Choimisiúin ar an gceist seo leis an gCoiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 i rith na bliana.

An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Tá ionadaithe a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) ar Choiste Comhairleach an Choimisiúin d'Oibrithe agus d'Fhostóirí. Cuireann an Coiste comhairle ar an gCoimisiún faoi cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas san ionad oibre agus i soláthar seirbhísí.

Tháinig an Coiste le chéile trí huaire in 2020; i mí Feabhra 2020, mí na Bealtaine 2020 agus mí na Samhna 2020. Thug na comhaltaí aghaidh ar raon ceisteanna, lena n-áirítear an ceart chun obair chuibhiúil; cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine; agus tionchar Covid-19 ar fhostaíocht, dífhostaíocht agus tacaí agus seirbhísí dóibh siúd is mó a raibh tionchar orthu.

Ár Scéim Deontas a Úsáid chun Tacú leis an tSochaí Shibhialta agus le Daoine a bhfuil Cearta acu

In 2020, cuireadh €500,000 ar fáil chun tacú le tionscadail ar fud na tíre a dhírigh ar dhaoine a bhfuil cearta acu, agus a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach, a chumasú le rochtain a fháil ar a gcearta.

Seoladh Scéim Deontas 2020 i mí Aibreáin. Fuarthas 138 iarratas incháilithe san iomlán, agus rinneadh measúnú orthu i mí na Bealtaine 2020. Bronnadh tacaíocht deontais ar 42 eagraíocht ó raon eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí pobail agus deonacha, ceardchumannn, grúpaí a dhéanamh ionadaíoch ar phobail thíreolaíocha a thugann aghaidh ar bhochtanas agus eisiámh sóisialta, nó grúpaí sainleasa a chosnaítear faoi na naoi bhforas comhionannais, lena n-áirítear grúpaí a stiúran daoine atá faoi mhíchumas agus mionlaigh eitneacha.

Tá eolas sa tábla ar na leathanaigh anseo a leanas faoin 42 tionscadal a maoiníodh faoi Scéim Deontas 2020:

Eagraíocht	Contae	Teideal an Tionscadail	Cur síos ar an Tionscadal
SVP – Cumann Naomh Uinseann de Pól, Monastery Hostel, Ceatharlach	Ceatharlach	Human Being/ Human Rights	Tá sé d’aidhm ag an tionscadal seo tógáil ar chumas na bhfear gan dídean a chónaíonn i gcóiríocht éigeandála chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcearta agus chun an fhaisnéis agus na scileanna a fháil chun a gcearta agus ceartas a bhaint amach.
Waterford Integration Service <i>Comhpháirtithe: Comhairle Contae Phort Láirge</i>	Port Láirge	Human rights approach to delivering services in the housing sector	Tá sé d’aidhm ag an tionscadal seo tógáil ar chumas chearta an duine atá ag ceannairí pobail imirceach, lena n-áirítear daoine atá ar lorg tearmainn, agus foireann túsline údaráis áitiúil a oibríonn i seirbhísí tithíochta, trí chlár oiliúna d’oiliúnóirí, as a n-eascróidh soláthar níos fearr de sheirbhísí tithíochta laistigh den chomhthéacs a bhaineann le ceanglais Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh.
ATD Fourth World, Cearnóg Mhuinseo, Baile Átha Cliath 1.	Baile Átha Cliath	This is how it happens to us: a peer-led call for socio-economic status	Cumasóidh an tionscadal seo daoine a bhfuil taithí dhíreach acu ar idirdhealú socheacnamaíoch na hamharc-ealaíona a úsáid chun guth a thabhairt dá dtáithí agus aitheantas don idirdhealú socheacnamaíoch mar fhoras i reachtaíocht Chomhionannais na hÉireann a chur chun cinn.
Threshold Training Network (TTN), Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	Baile Átha Cliath	Becoming a mental health rights defender	Tógfaidh an tionscadal seo cumas daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu, trí shraith de sheisiúin oiliúna agus chóitseála, chun tuiscint a fháil ar a gcearta, iad a chosaint go gníomhach, a bheith níos cumasaithe chun labhairt amach faoi chinntí a théann i bhfeidhm orthu, agus tacú le daoine eile é sin a dhéanamh freisin.
Latin America Solidarity Centre, Baile Átha Cliath <i>Comhpháirtí: Association of Bolivian Residents, Baile Átha Cliath</i>	Baile Átha Cliath	Rights and Resources: Latin America in Ireland	Tabharfaidh an tionscadal seo faisnéis do phobail imirceacha Mheiriceá Laidineacha (le béim ar mhná agus an pobal LADTIA+) in Éirinn maidir lena gcearta chomh maith le scileanna chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a chuireann cosc orthu a gceart a bhaint amach, chun líonra a sholáthróidh tacaíocht fhrithpháirteach a thógáil.
Blaney Blades Women’s Group, Baile na Lorgan, Co. Mhuineachán	Muineachán	Coming Together	Tá sé d’aidhm ag an tionscadal seo mná níos sine agus mná imirceacha a chumasú agus a chumhachtú, chun ábhair a théann i bhfeidhm orthu a ainmniú agus aghaidh a thabhairt orthu laistigh de chreat chearta an duine agus comhionannais, a gcearta a thuiscint, teacht ar réitigh ar fhadhbanna agus plé le dreamanna áitiúla ar a bhfuil dualgais, i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

NASC, Corcaigh	Corcaigh	Our Lives, Our Future	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo daoine óga faoi mhíbhuntáiste nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh i mbreisoideachas agus oideachas tríú leibhéal mar gheall ar a stádas imirce a chumasú chun a bheith ina dtacadóirí láidre d'athrú dlí agus beartais, ag úsáid sraith gearrfhíseán chun guth a thabhairt dá dtaithí agus an ceart chun oideachais.
WALK, Baile Bhailcín, Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Our Lives, Our Rights	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo cumas piarthacadóirí a thógáil chun tacú lena gcearta féin agus le cearta daoine eile, na cearta sin a chosaint, agus teacht le chéile chun ceisteanna a phlé ó thaobh chearta an duine agus comhionannais, agus an t-ábhar a phléifear i gcomhdháil maidir le cearta míchumais a stiúrfaidh daoine a bhfuil cearta acu a mhúnlú.
Age and Opportunity, Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Is ageism ever acceptable?	Éascóidh an tionscadal seo machnamh náisiúnta i measc daoine scothaosta ar cibé an raibh an beartas clutharaithe bunaithe ar a bheith níos sine ná 70 bliain d'aois aoisíoch nó nach raibh. Trí shraith tionól réigiúnach agus tionól náisiúnta amháin, fiosróidh daoine scothaosta ar cuireadh isteach ar chearta an duine i measc daoine scothaosta mar gheall ar an bhfreagairt náisiúnta ar Covid-19 agus forbrófar moltaí le haghaidh ceapadh beartas amach anseo maidir le daoine scothaosta le linn Paindéime.
Cónaidhm Spóirt na hÉireann, Baile Átha Cliath <i>Comhpháirtithe: Cathaoir UNESCO, "Transforming the lives of people with disabilities, their families and communities through physical education, sport, recreation and fitness," Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Co. Chiarraí, SARI – Sport Against Racism Ireland, Cumann Lúthchleas Gael (CLG), An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Spórt Éireann</i>	Ciarraí	Human Rights in and through Sport	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo tacú le cumas daoine a bhfuil cearta acu agus é a thógáil chun a rochtain ar chearta a chur chun cinn sa spórt agus tríd an spórt, go háirithe grúpaí a mbíonn bacainní os a gcomhair chun páirt a ghlacadh i spórt, lena n-áirítear mná, daoine atá faoi mhíchumas, daoine den Lucht Siúil, imircigh, grúpaí mionlach eitneach, daoine den phobal LADTIA+, agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Tá sé d'aidhm leis tuiscint a mhéadú ina measc siúd ag a bhfuil dualgais – gníomhaithe stáit, an earnáil spóirt, agus eagraíochtaí spóirt i measc an ghnáthphobail – ar an spórt mar chearta an duine agus uirlis chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
Mercy Law Resource Centre, Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Know Your Housing Rights!	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo daoine aonair agus teaghlaigh, agus oibrithe túslíne, deonacha agus pobail a oibríonn le grúpaí leochaileacha a chumasú chun a gcearta a éileamh agus cearta na ndaoine lena gcabhraíonn siad trí shraith de cheardlanna oiliúna ar líne ar dhlí na tithíochta, a mbeidh acmhainní digiteacha ag tacú leo.

Community Response, Baile Átha Cliath 8	Baile Átha Cliath		Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo cumas daoine ó chúlraí imirceach a thógáil agus iad a chumasú chun tuiscint a fháil ar a gcearta trí thaighde bonnline agus tógáil cumais nuair atáthar ag rochtain Seirbhísí Andúile agus Easpa Dídine, agus chun plé leo siúd ar a bhfuil dualgais chun comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn sna seirbhísí sin de réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
West Cork Women Against Violence Project <i>Comhpháirtithe: Kerry Rape and Sexual Abuse Centre</i>		Listening to Survivors and Supporters	Tá sé d'aidhm ag tionscadal seo, trí thaighde agus ceardlann, fis agus guth a ghabháil ó dhaoine a bhfuil cearta acu agus a d'fhulaing foréigean gnéasach nó a chabhraigh le duine éigin a d'fhulaing é. Déanfar é sin trí mheasúnú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí tacaíochta i gcás foréigean gnéasach faoi láthair, agus páirt a ghlacadh i gceapadh agus forbairt seirbhísí in lathar Chorcaí faoin tuath, chomh maith leis na torthaí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi reachtaíocht, beartas agus cleachtas náisiúnta.
Community Law and Mediation, Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Know Your Employment Rights!	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo daoine a bhfuil a gcearta fostaíochta agus/nó comhionannais á sárú a chumasú, daoine in obair ar phá íseal nó obair neamhchinnte, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a mbíonn idirdhealú inscne ina n-áit oibre go sonrach, agus a dtacadóirí, agus an fhaisnéis agus na huirlisí a thabhairt dóibh chun a gcearta a bhaint amach, agus cuirfear chun cinn go forleathan iad trí fheachtas faisnéise.
Exchange House, Baile Átha Cliath <i>Comhpháirtithe: Limerick Community Development Project, Paul Partnership</i>	Luimneach	Limerick Travellers: Building Capacity to Access Rights and Justice	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo cumas an Lucht Siúil i Luimneach a thógáil chun iad féin a eagrú ar bhealach inbhuanaithe agus an t-eolas agus na scileanna ceannaireachta a fhorbairt chun a gcearta a éileamh agus tacú le daoine eile an rud céanna a dhéanamh. Bainfear é sin amach trí shraith de sheisiúin oiliúna agus ceardlanna abhcóideachta maidir le cearta an duine agus comhionannais le Limerick Traveller Women's Group agus Limerick Travellers Network.
One in Four, Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Victim-Survivor Forum	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo fóram a chruthú d'íospartaigh/mharthanóirí drochúsáide gnéasaí leanaí, áit ar féidir leo a gcumas a fhás chun na dúshláin a bhíonn os comhair páirtithe leasmhara iospartach/marthanóirí sa chóras ceartais choiriúil a chur in iúl agus ardán a sholáthar chun tionchar a imirt ar fhorbairt reachtaíochta agus beartas, athrú dearfach a bhaint amach agus cuntasacht iad siúd ar a bhfuil dualgais a mhéadú.
Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann, Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Embedding Yellow Flag Programme in National Education Policy & Curriculum	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo foghlaim agus tionchar chlár an Bhrait Bhuí ar scoláirí agus scoileanna a ghabháil, le béim ar ghuth na scoláirí agus plé le páirtithe leasmhara oideachais chun é a phríomhshruthú sa bheartas agus curaclam náisiúnta oideachais i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, ionas gur féidir na bacainní a chuireann isteach ar thaithí agus torthaí oideachais scoláirí gorma agus ó mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus an pobal Romach, a laghdú agus deireadh a chur leis na bacainní sin.

An Ghníomhaireacht Saintacaíochta um Chomhionannas do Dhaoine faoi Mhíchumas <i>Comhpháirtí: The Coalition of Disabled People's Organisations</i>		Towards a Shadow Report by the Disabled Person's Coalition	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo The Coalition of Disabled People's Organisations a éascú agus tacú leo chun a Scáth-thuarascáil a ullmhú, a fhorbairt agus a scríobh maidir le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas atá le cur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar Éirinn agus comhlíonadh a hoibleagáidí mar a leagtar amach sa Chonradh.
All Ireland Institute of Hospice and Palliative Care (AIHPC) <i>Comhpháirtí: Ollscoil Luimnigh, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Coimisiún Meabhair-Shláinte, Nursing Homes Ireland, Foras Ospice na hÉireann, Rannóg Sláinte Seanaoise, Ospidéal Thamhlachta, Medicine for the Elderly, Ospidéal Naomh Uinseann</i>	Luimneach	Shaping Palliative Care Policy using a Human Rights approach	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal taighde seo guth a thabhairt dóibh siúd a chónaíonn i dtithe altranais, dá muintir agus d'oibrithe cúraim maidir lena dtaithe agus lena mbíonn siad ag súil leis i dtaca le cúram maolaitheach chun a chinntiú go mbeadh aon athrú ar bheartas cúraim mhaolaithigh, go háirithe mar gheall ar Covid-19, á bhunú agus á mhúnlú ag riachtanais agus dearchtaí daoine a bhfuil cearta acu. Cuirfear oideachas agus eolas ar fáil freisin do lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhísí, gairmithe cúraim sláinte, an pobal agus daoine a chónaíonn i dtithe altranais, a muintir agus oibrithe cúraim go sonrach maidir lena cearta i leith cúram maolaitheach i rith paidéime.
Independent Living Movement Ireland, Baile Átha Cliath <i>Comhpháirtí: Comhairle Contae Átha Cliath Theas</i>	Baile Átha Cliath	Making Inclusion a Reality	Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo rannpháirtíocht éifeachtach daoine atá faoi mhíchumas, de gach cineál lagaithe, a éascú i bhforbairt beartais tithíochta i gContae Átha Cliath Theas. Cuirfear oiliúint freisin ar ionadaithe agus oifigigh comhairle i gcomhionannas míchumais, agus bunófar an tsamhail chomhoibríoch sin mar eiseamláir den dea-chleachtas chun bonn eolais a chur faoi chur chuige na Comhairle i leith Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm i gcúrsaí míchumais.

Bhí tionscadail ar bun in 2020 freisin ar tugadh tacaíocht dóibh faoi Scéim Deontas 2018 agus 2019 agus a lean ar aghaidh ag cur a gcuid oibre i gcrích. Liostaítear na tionscadail sin in **Aguisín 7**.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4: **Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú**

CUSPÓIRÍ

- » Cultúr láidir agus roinnte measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a éascú, lena n-áirítear trí oideachas, go háirithe tuiscint an aosa óig;
- » Tuiscint ar chearta an duine mar chearta gaolmhara agus idirspleácha a chur chun cinn, le béim faoi leith ar chearta socheacnamaíocha; agus
- » Bheith ag súil le cúrsaí roimh ré, iad a shainaithint agus aird a tharraingt orthu, ionas gur féidir leis an gCoimisiún freagairt go cuí do chúrsaí chearta an duine agus comhionannais sa Stát.

Obair Feasachta Poiblí

I bhfócas: Cur i gcoinne an chiníochais in Éirinn – “Because we’re all human. Means we’re all equal”

I mí na Nollag 2020, sheol an Coimisiún a fheachtas náisiúnta feasachta “Because we’re all human. Means we’re all equal” a raibh d’aidhm leis cur i gcoinne meonta aonair agus sochaíocha a fhágann go bhfulaíngíonn daoine ó chúlraí eitneacha difriúla mar gheall ar chiníochas.

Ní raibh aon script ag baint leis an bhfeachtas ar chor ar bith, agus léiríodh ann 11 agallamh le daoine ó chúlraí eitneacha difriúla, agus iad ag roinnt léargas pearsanta ar an gciníochas in Éirinn, lena n-áirítear ciníochas fánach, ról daoine timpeall orthu agus na bacainní córasacha, stairiúla, sochaíocha agus struchtúrtha a bhíonn le brath gach uile lá in Éirinn.

Forbraíodh an feachtas in imeacht naoi mí sular seoladh é i mí na Nollag 2020 ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin shóisialta agus ar líne.

Coimisiúnaíodh taighde, trí RedC, a rinne measúnú ar thionchar an fheachtais, taighde a léirigh gur athraigh an feachtas meonta go dearfach.

- » Dúirt 75% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu gur chuir an fógra ag smaoineamh iad faoin gcaoi a mbíonn daoine ó chúlraí eitneacha difriúla ag iarraidh na rudaí céanna ina saol le gach duine eile.
- » Dúirt 74% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil sé iontach a chloisteáil faoin gcaoi ar féidir le duine ó chúlra eitneach difriúil dul i ngleic go díreach leis an gciníochas.




Chuir an Seanadóir Eileen Flynn a taithí féin i láthair dár bhfeachtas náisiúnta in aghaidh an chiníochais.

Gabhann an Coimisiún buíochas ó chroí leo siúd a ghlac páirt san fheachtas feasachta poiblí seo agus le baill an ghrúpa chomhairligh a chabhraigh linn an feachtas a fhorbairt.

Know Discrimination

I mí Dheireadh Fómhair 2020, sheol an Coimisiún feachtas faisnéise sna meáin shóisialta, sna meáin chlóite agus ar fhógraíocht lasmuigh a raibh d’aidhm leis feasacht a mhéadú ar phrionsabail reachtaíocht comhionannais bhunúsach na hÉireann, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann.

Dhírigh an feachtas ar fheasacht ar chearta comhionannas, agus áiríodh leis dhá leabhrán eolais a fhoilsiú, ceann faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus ceann faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann chun na gníomhartha is féidir le daoine aonair a dhéanamh chun a gcearta a bhaint amach a chur chun cinn.



Tuarascáil Bhliantúil IHREC | 2020

Buaicphointí na meán sóisialta in 2019



Twitter

3,260,000

imprisean

272,000 in aghaidh na míosa
ar an meán




LinkedIn

137%

an méadú ar leantóirí

ó 2,002 go 4,748 faoi
dheireadh na bliana



Instagram

70%

an méadú ar leantóirí

ó 461 go 1,407 faoi
dheireadh na bliana

Leantóirí/síntiúsóirí amhail deireadh 2020

Twitter	12,900
Instagram	1,407
LinkedIn	4,748
Nuachtlitir	2,282
Iomlán	21,337

Buaicphointí an tsuímh gréasáin in 2019



503,587 amharc leathanaigh

amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.ihrec.ie in 2020.
41,966 in aghaidh na míosa ar an meán.




Na leathanaigh is mó ar tugadh cuairt orthu

i ndiaidh ár leathanaigh baile, ná iad siúd a dhírigh ar chóir chomhionann i rochtain ar sheirbhísí (26,065 amharc leathanaigh), ár leathanach lamairne le haghaidh 'Do Chearta' (19,068 amharc leathanaigh), agus eolas faoi idirdhealú i gcúrsaí fostaíochta (18,909 amharc leathanaigh).



Trácht ar an suíomh gréasáin

bhí an líon is mó tráchta ar an suíomh gréasáin i mí na Samhna 2020 le 54,000 amharc leathanaigh, a spreagadh go príomha mar gheall ar ár bhfeachtas faisnéise poiblí dar teideal "Know Discrimination". I rith an fheachtais feasachta poiblí sin, bhí 4,347 amharc leathanaigh ar leathanach gréasáin 'Do Chearta' i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2020, arb ionann é agus thart ar dhá oiread na gnáth-thráchta míosúla ar an leathanach sin.



Nuachtlitir leictreonach

Chuireamar 12 nuachtlitir ar fáil do bhreis agus 2,000 síntiúsóir in aghaidh na míosa freisin.

Comhdhála agus Imeachtaí

I bhfócas: Beart Leantach CERD chun Béim a Choinneáil ar Mholtaí

D'eagraigh an Coimisiún seimineár gréasáin dar teideal 'Concluding Observations of UN CERD – Follow-up' tráthnóna an 10 Samhain i gcomhar le INAR (Irish Network Against Racism).

Pléadh cur i bhfeidhm mholtaí CERD na Náisiún Aontaithe ag an imeacht.

Thug an tOllamh Verene Shepherd, Rapóirtéir na hÉireann ar Choiste CERD na Náisiún Aontaithe, an spreagaitheasc. Thug ionadaithe ar dhaoine a bhfuil cearta acu a measúnú, go háirithe maidir le fuathchaint, chomh maith le fadhbanna a bhíonn ag an Lucht Siúil, pobail Romach agus daoine sa chóras cosanta idirnáisiúnta. D'fhreastail níos mó ná 80 ionadaí ón tSochaí Shibhialta ar an imeacht.

Comhionannas sa Cháinainéis

D'óstáil an Coimisiún imeacht teicniúil ardleibhéil ar an 10 Feabhra 2020 le Foghrúpa Sonraí Comhionannais an Choimisiúin Eorpaigh den Ghrúpa Comhionannais sa Cháinainéis agus saineolaithe eile. Áiríodh ag an imeacht ionchuir ón Ionad um Comhionannas agus Ionchuimsitheacht in Oifig na Ríochta Aontaithe le haghaidh Staidreamh Náisiúnta, an tAonad um Staidreamh Comhionannais i Rialtas na hAlban, agus an tAonad Difríochta Cine in Oifig Chomh-aireachta na Ríochta Aontaithe.

Ireland and the Convention on the Elimination of Racial Discrimination

Submission to the United Nations Committee
on the Elimination of Racial Discrimination on
Ireland's Combined 5th to 9th Report

October 2019



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission



Rannpháirtithe ag an gceardlann theicniúil faoi Iníúcháireacht ar Shonraí Comhionannais, Feabhra 2020.

Rannpháirtíocht i nGréasáin Idirnáisiúnta

Tá an Coimisiún ina chomhalta de: Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta (Equinet); Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI); agus an Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI). I gcaitheamh 2020, leanamar ar aghaidh ag cur le rannpháirtíocht ghníomhach sna líonraí sin agus ag baint tairbhe as an rannpháirtíocht.

ENNHRI

Faoi láthair, fónann an tOllamh Caroline Fennell mar Chathaoirleach Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI) thar ceann IHREC. Ina ról mar Chathaoirleach, stiúir an Coimisiún cruinnithe Boird agus Comhthionóil Ghinearálta ENNHRI. Déanann ENNHRI ionadaíocht ar 44 comhlacht náisiúnta um chearta an duine ar fud Bhallstáit Chomhairle na hEorpa.

I rith 2020, ghlac foireann an Choimisiúin páirt freisin in obair leanúnach ENNHRI:

- » An Grúpa Oibre Dlí;
- » An Grúpa Oibre um Beartas Eacnamaíoch agus Sóisialta;
- » Grúpa Oibre an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas; agus
- » An Grúpa Oibre Cumarsáide.

Equinet

Tá 49 comhlacht comhionannais as 36 tír Eorpach in Equinet, líonra Eorpach na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta. Tá an Stiúrthóir Laurence Bond ina chomhalta de Bhord Equinet.

I rith 2020, ghlac foireann an Choimisiúin páirt freisin in obair leanúnach Equinet:

- » An Grúpa Oibre Cumarsáide;
- » An Grúpa Oibre Ceaptha Beartas;
- » An Grúpa Oibre Dlí Comhionannais; agus
- » Tionscadal ar Chaighdeán le haghaidh Comhlachtaí Comhionannais.

GANHRI

Mar chuid dá ról mar Chathaoirleach ENNHRI bíonn an Coimisiún rannpháirteach freisin mar chomhalta ar Bhiúró an Chomhaontais Dhomhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI) mar Chathaoirleach Réigiúnach.

Chuir an Coimisiún maoiniú ar fáil chun go bhféadfadh suas le cúig Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine ó 'thíortha i mbéal forbartha' páirt a ghlacadh i gcomhdháil bhliantúil GANHRI agus cruinniú GANHRI le Coiste Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, a bhí le reáchtáil i mí an Mhárta 2020. Mar gheall ar an bpaindéim, reáchtáladh an cruinniú sin go cianda i mí na Nollag. Cuirfear an maoiniú leithdháilte ar fáil do na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine céanna nuair a bhítear i mbun cruinnithe fisiciúla arís.



An Comhalta Coimisiúin Dr Salome Mbugua, an tArd-Rúnaí Debbie Kohner, an Comhalta Coimisiúin Heydi Foster-Breslin agus an Stiúrthóir Laurence Bond ag Comhairliúchán Ardleibhéil ENNHRI, Feabhra 2020

Coimisiún an Aontais Eorpaigh

In 2020, lean foireann an Choimisiúin ar aghaidh ag glacadh páirte in obair leanúnach dhá chomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh:

- » Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir; agus
- » An Foghrúpa Sonraí Comhionannais de chuid Ghrúpa Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh ar Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht.

Ceithre Dhlínse

Coinníonn an Coimisiún caidreamh oibre láidir freisin lena chomhpháirtithe i dtrí dhlínse na Ríochta Aontaithe; Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, Coimisiún Chearta an Duine in Albain agus Coimisiún Chearta an Duine agus Comhionannais.



Cruinniú na gceithre dhlínse, Feabhra 2020

Rialachas Corparáideach agus Struchtúr



Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

An Coimisiún

Tá 15 Chomhalta ag an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd (féach ar **Aguisín 1**). Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an tUachtarán Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais.

Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Tugtar faoi chinnteoireacht ag leibhéal an Choimisiúin, nuair is féidir, ar bhonn an chomhaontaithe. Má tá éagsúlacht tuairimíochta ann faoi ábhar ar leith, féadfar vóta an tromlaigh a úsáid. Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas "A" mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Reáchtálann an Coimisiún an líon cruinnithe a theastaíonn chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach i ngach bliain, ní mór dó cruinniú amháin ar a laghad a reáchtáil i ngach ráithe.

Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún in 2020 ar na dátaí seo a leanas:

- » 28 Eanáir 2020
- » 31 Márta 2020
- » 20 Bealtaine 2020
- » 23 Meitheamh 2020
- » 28 Iúil 2020
- » 22 Meán Fómhair 2020
- » 27 Deireadh Fómhair 2020
- » 8 Nollaig 2020

Reáchtáladh cúig chruinniú urghnácha freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Reáchtáladh na cruinnithe iomlánacha urghnácha ar na dátaí seo a leanas:

- » 20 Eanáir 2020
- » 15 Aibreán 2020
- » 24 Aibreán 2020
- » 1 Deireadh Fómhair 2020
- » 3 Nollaig 2020

Leagtar amach Sceideal de Fhreastal, Táillí agus Speansais 2020 in **Aguisín 3**.

Caithfidh an Coimisiún, gach trí bliana, a ráiteas straitéise a fhoilsiú ina leagtar amach na príomhchuspóirí agus na straitéisí lena mbaineann, úsáid acmhainní an Choimisiúin ina measc. Caithfear an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Údaraíonn an Coimisiún buiséad agus plan oibre bliantúil freisin. Cuimsíonn an Ráiteas Straitéise reatha an tréimhse 2019–2021.

Déanann an Coimisiún cinntí straitéiseacha ar fheidhmeanna reachtúla, ráitis beartais an Choimisiúin agus úsáid a chumhachtaí dlíthiúla ina measc, seachas nuair a tharmlichtear iad go sonrach.

Tharmlig an Coimisiún a chumhacht chun cúnamh dlí agus cúnamh eile a sholáthar faoi alt 40 den Acht don Cheannasaí Dlí. Tarmlichtear don Cheannasaí Dlí i gcomhairle leis an Stiúrthóir cumhachtaí an Choimisiúin faoi alt 32 den Acht i leith athbhreithnithe comhionannais agus pleananna gníomhaíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ó lá go lá. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Coimisiún agus an ardbhainistíocht. Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Stiúrthóra in ailt 20–23 den Acht.

Cloíonn an Stiúrthóir agus an ardbhainistíocht leis an treoir straitéiseach a leagann an Coimisiún amach. Tugann an Stiúrthóir eolas don Choimisiún faoi fheidhmíocht a fheidhmeanna, lena n-áirítear eolas i leith na bhfeidhmeanna sin sa mhéid is go mbaineann siad le cúrsaí airgeadais an Choimisiúin, de réir mar a theastaíonn sé ón gCoimisiún. Ina theannta sin, cinntíonn an Stiúrthóir go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlódh siad.

Coistí

Bhunaigh an Coimisiún Coistí chun cabhrú le rialachas agus le hobair an Choimisiúin i dtaca lena thosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn. Áirítear leo siúd an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Cásoibre Dlí, agus an Coiste Beartais agus Taighde.

Féadfaidh an Coimisiún Coistí Comhairleacha a bhunú freisin faoi Alt 18 den Acht. In 2020, áirítear Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais agus Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí leo sin.

Tugtar comhaltacht na gCoistí sin, agus freastal orthu i rith 2020, in **Aguisín 3**.

Tá comhaltaí Coimisiúin agus comhaltaí seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar Choistí Comhairleacha Alt 18, agus tá an Coimisiún an-bhuíoch as an gcúnamh saineolach a fuarthas ó na comhaltaí seachtracha sin i rith na bliana.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

1. leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh, thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe an Choimisiúin a mheas;
2. maoirsiú a dhéanamh ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle agus treoir ghairmiúil a thabhairt; agus
3. comhairle agus treoir a thabhairt maidir leis na córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh sa Choimisiún.

Reachtáladh ceithre chruinniú in 2020: 3 Márta 2020; 23 Meitheamh 2020; 22 Meán Fómhair 2020 agus 18 Nollaig 2020.

An Coiste Cásoibre Dlí

Is é cuspoir an Choiste Cásoibre Dlí comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir le cásobair dlí agus treoirlínte a fhorbairt, a nglacfaidh an Coimisiún leo, d'fheidhmíocht feidhm dlíthíochta/cásoibre an Choimisiúin – amicus curiae, imeachtaí ina ainm féin, imeachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus scéimeanna cúnamh dlí.

Reáchtáladh deich gcruinniú in 2020: 20 Eanáir 2020; 28 Eanáir 2020; 24 Márta 2020; 12 Bealtaine 2020; 15 Meitheamh 2020; 16 Iúil 2020; 10 Meán Fómhair 2020; 19 Deireadh Fómhair 2020; 30 Samhain 2020 agus 3 Nollaig 2020.

An Coiste Beartais agus Taighde

Is é cuspoir an Choiste Beartais agus Taighde comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir lena fheidhmeanna beartais agus taighde, lena n-áirítear a idirghabhálacha reachtaíochta, tuairisciú idirnáisiúnta, ráitis beartais agus cláir sonraí agus taighde.

Reáchtáladh seacht gcruinniú in 2020: 20 Eanáir 2020; 18 Feabhra 2020; 24 Márta 2020; 12 Bealtaine 2020; 15 Meitheamh 2020; 15 Deireadh Fómhair 2020 agus 16 Samhain 2020.

An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí in 2017 faoi Alt 18 den Acht. Is é ról an Choiste comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le:

- » Ceisteanna comhionannais fostaíochta agus san ionad oibre;
- » Stádas comhionann i soláthar seirbhíse;
- » Cearta an duine san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse;

» Éagsúlacht agus idirchultúrachas; agus

» Aon ábhar eile a chuireann an Coimisiún faoina bhráid.

Tá ionadaithe ar oibrithe agus fostóirí a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) ar an gCoiste Comhairleach.

Reáchtáladh trí chruinniú in 2020: 13 Feabhra 2020; 27 Bealtaine 2020 agus 12 Samhain 2020.

An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais

I ndiaidh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, in 2018 bhunaigh an Coimisiún Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais faoi Alt 18 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Is é ról an Choiste:

1. Cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas; agus
2. comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le comhlíonadh a róil neamhspleách monatóireachta faoi Airteagal 33 den Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Reáchtáladh seacht gcruinniú in 2020: 11 Feabhra; 22 Aibreán; 27 Bealtaine; 24 Meitheamh; 10 Meán Fómhair; 7 Deireadh Fómhair agus 2 Nollaig.

Rialachas

Treoraítear creat foriomlán rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leo seo a leanas:

- » *An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014;*
- » Caighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse, a chaithfidh an Coimisiún a chomhlíonadh toisc go maoinítear é le Vóta Státchiste;
- » An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016;
- » *An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;*
- » *An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001;*
- » Moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta, 2002 (Tuarascáil Mullarkey); agus
- » Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, 2012.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, aistríodh na feidhmeanna dílsithe san Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* go dtí an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Aistríodh feidhmeanna comhionannais agus chearta an duine faoi raon reachtaíochta a leagtar amach san ordú ar an gcaoi chéanna.

Tá Comhaontú Dearbhaithe maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm ag an gCoimisiún leis an Roinn.

Foireann an Choimisiúin

De réir alt 24 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, is é an Coimisiún fostóir a fhoirne ar fad, ar státseirbhísigh i seirbhís an Stáit iad.

Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 62 comhalta foirne ag an gCoimisiún (féach ar **Aguisín 4**). Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsean agus riartha párolla ar fáil don Choimisiún. Úsáideann an Coimisiún ePMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe) chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo. Éascaíonn an Coimisiún cumarsáid rialta ar chúrsaí tábhachtacha idir an lucht bainistíochta agus comharchumainn aitheanta na foirne.

Tá ceithre rannóg san fheidhmeannas:

- » Dlí
- » Beartas agus Taighde
- » Rannpháirtíocht Straitéiseach
- » Seirbhísí Corparáideacha

Cuimsíonn Ceannasaithe na rannóg sin, a thuairiscíonn don Stiúrthóir, an ardbhainistíocht.

An Ardbhainistíocht amhail an 31 Nollaig 2019

- » Stiúrthóir: Laurence Bond;
- » An Ceannasaí Dlí: Michael O'Neill;
- » An Ceannasaí Beartais agus Taighde: Iris Elliott
- » An Ceannasaí Rannpháirtíochta Straitéisí: Jean O'Mahony; agus
- » An Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha: Niall Kelly.

AN tOIREACHTAS

AN COIMISIÚN

AN FEIDHMEANNAS

AN STIÚRTHÓIR

DLÍ

BEARTAS AGUS
TAIGHDE

RANNPÁIRTÍOCHT
STRAITÉISEACH

SEIRBHÍSÍ
CORPARÁIDEACHA

Maoiniú agus Bainistíocht Airgeadais

Maoinítear Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, agus tá an fhreagracht sin ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Choimisiúin.

Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú gach bliain do Vóta an Choimisiúin, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'fhéadfaí iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2020 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2021. Áiríodh ann, mar a éilítear, ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin.

Ba é €6.814m an soláthar meastacháin comhlán in 2020 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Leithdháileadh €3.721m de ar chaiteachas a bhain le cúrsaí pá, agus €3.093m ar chaiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Ba é €6.154m an toradh caiteachais sealadach (roimh iniúchadh); bhain €2.944m le cúrsaí pá, agus €3.210m le caiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Amhail deireadh na bliana, bhí barrachas €0.649m dlite le géilleadh don Stáchtiste.

Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 go ndéanadh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais. Leagtar amach iad sin in **Aguisín 5**.

Nochtadh Cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na n-imeachtaí nochta chosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtheadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtheadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse 1 Eanáir 2020–31 Nollaig 2020.

An tAcht um Míchumas, 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Léirigh torthaí ó Dhaonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh i mí an Mhárta 2020 gur sháraigh an Coimisiún an sprioc 3% d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas in 2020. Tugadh an fhaisnéis sin don Údarás Náisiúnta Míchumais i mí an Mhárta 2020.

An Clár 'Willing Able Mentoring'

In 2020, bhí an Coimisiún rannpháirteach arís i gclár 'Willing Able Mentoring' AHEAD, clár socrúcháin oibre íoctha a bhfuil d'aidhm leis rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas. In 2020, d'fhostaigh an Coimisiún céimí amháin faoin gclár sin.

An tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais/Rochtana

Tá comhalta foirne tiomnaithe ag an gCoimisiún i ról an Oifigigh Idirchaidrimh Míchumais/Rochtana araon. D'fheabhsaigh sé sin an tseirbhís atá an Coimisiún in ann a thairiscint don phobal agus do chomhaltaí foirne a dteastaíonn comhairle agus tacaíocht uathu ar chúrsaí a bhaineann le míchumas agus inrochtaine.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh a dhualgas maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Tugtar breac-chuntas thíos ar Chinntí Saorála Faisnéise agus ar Chineálacha Iarratas:

Cinntí Saorála Faisnéise 2020

Deonaithe	2
Páirt-deonaithe	2
Diúltaithe*	3
Tarraingthe Siar/Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise	1
Iomlán	8

Cineálacha Iarratas 2020

Iriseoir	1
Grúpa Sainleasa/Gnó	0
Cliant	0
Duine den Phobal	7
Iomlán	8

*Diúltaíodh do thrí iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2020 faoi alt 15 den *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014* (an tAcht).
Diúltaíodh do dhá cheann de na hiarratais faoi alt 15(1)(a) den Acht ar an mbonn nach ann do na taifid a iarradh nó nach féidir teacht orthu i ndiaidh tabhairt faoi gach céim réasúnta chun a fháil amach cá bhfuil siad.
Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 15(1)(f) den Acht ar an mbonn go raibh na taifid a iarradh ar fáil san fhearann poiblí cheana féin.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2020, chuimsigh úsáid fuinnimh an Choimisiúin fuinneamh eangaí amháin.

Cineál Fuinnimh	Ídithe
Leictreachas	135,158 kWh
Breoslaí Iontaise	0 kWh
Breoslaí In-athnuaite	0 kWh



**Tuairisc faoi Alt 42
den *Acht fá Choimisiún*
na hÉireann um
Chearta an Duine agus
Comhionannas, 2014
(Dualgas na hEarnála
Poiblí um Chomhionannas
agus Chearta an Duine)**



Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí go leagfaí amach ina Ráiteas Straitéiseach measúnú ar na ceisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Ní mór dó ansin tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus éachtaí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin ina Thuarascáil Bhliantúil.

Ar aon dul le comhlacht poiblí ar bith eile, tá feidhm ag an oibleagáid seo ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Murab ionann is comhlachtaí poiblí eile, is é ár sainordú reachtúil aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas. Mar sin, cuireann ár *Ráiteas Straitéise 2019–2021* measúnú i láthair ar na tosaíochtaí um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreidimid atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir, agus taifeadtar ár ndul chun cinn go dtí seo maidir le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin ó thús deireadh na tuarascála bliantúla seo.

Chun go gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí reachtúla faoin Dualgas, caithfimid cearta an duine agus an comhionannas a chur san áireamh freisin sa chaoi a mbímid ag cur ár gcuid feidhmeanna i bhfeidhm agus ag tabhairt faoinár n-obair laethúil. Mar chuid d'ullmhú a Ráitis Straitéise, thug an Coimisiún faoi mheasúnú freisin ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais maidir lena fheidhmeanna i réimsí oibríochta éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí dlí a sholáthar; eolas a sholáthar don phobal faoina gcearta; feidhm rannpháirtíochta straitéisí, a mhaoirsíonn cumarsáid sheachtrach agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara; feidhm beartais agus taighde; agus feidhm seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear soláthar agus acmhainní daonna. Leagtar amach na ceisteanna a tarraingíodh anuas sa mheasúnú sin i *Ráiteas Straitéise*

2019–2021. Tuairiscítear sa chuid seo ar an dul chun cinn ar na ceisteanna sin, a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu thar imeacht an timthrialla trí bliana seo.

Tá an Coimisiún tiomanta d'inrochtaineacht ár gcuid seirbhísí ar fud ár n-oibríochtaí a mhéadú. Áirítear leis sin imeachtaí a óstáiltear ag ár spás poiblí inár n-oifigí ar Shráid na Faiche, chomh maith le himeachtaí seachtracha a eagraíonn an Coimisiún. Tá spás imeachtaí atá go hiomlán inrochtana inár n-oifigí. I mí an Mhárta 2020, b'éigean ár spás imeachtaí a dhúnadh de réir rialacháin Covid-19. Ach d'éirigh leis an gCoimisiún a chuid imeachtaí a aistriú ar líne agus chinntigh sé go raibh an spás ar líne ar fáil go hiomlán do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Ba ghné dár gcuid oibre in 2020 inrochtaineacht ár gcumarsáide seachtraí chomh maith, tráth ar úsáideadh gnéithe inrochtaineachta ar ár bhfíseáin, ár nuachtlitir leictreonach, an úsáid a bhaineamar as uirlisí ar líne chun a chinntiú go n-aimsíonn ár n-aschur meán sóisialta lucht féachana agus éisteachta leathan, agus tiomantas leanúnach d'inrochtaineacht ár bhfeachtais feasachta poiblí. I rith na paidéime, chuaigh seirbhís tacaíochta 'Do Chearta' de chuid an Choimisiúin in oiriúint go tapa don timpeallacht chianoibre, agus lean ag cur seirbhís ionchuimsitheach ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Tá inrochtaineacht a fheabhsú de réir a chéile don fhoireann, do chomhaltaí an Choimisiúin agus dá choistí comhairleacha ina gcuid dár dtiomantais freisin. D'óstáil an Coimisiún socrúchán oibre faoin gclár Willing Able Mentoring in 2020. Tá ár ról mar óstach agus meantóir ó 2018 i leith tar éis bonn eolais a chur faoi ghníomhartha inrochtaineachta le haghaidh ár n-ionaid oibre.

Tá gníomhaíocht dhearfach chun grúpaí mionlach a spreagadh le leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí ina cuid dár dtiomantais freisin. In 2020, d'eagraigh an Coimisiún

gníomhaíochtaí a dhírigh go sonrach ar dhaoine ón bpobal Romach agus ó phobal an Lucht Siúil a spreagadh le leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí.

Sainaithníodh ceisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le foireann an Choimisiúin agus lenár mbeartais chorparáideacha, soláthar ina measc. Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún cloí le prionsabal na tairisceana iomaíche maidir lena chaiteachas ar oibreacha, soláthairtí agus conarthaí seirbhíse. Caithfidh gach tairiscint cloí le reachtaíocht náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, d'oibrigh an Coimisiún in 2020 leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chuimsiú ina treoirlínte náisiúnta soláthair phoiblí nuair a nuashonraítear iad in 2021. D'fhorbair an Coimisiún a phróisis agus a fheidhm soláthair inmheánaigh tuilleadh. Mar chuid den obair sin, chomhtháthaigh sé, den chéad uair riamh, breithnithe comhionannais agus chearta an duine mar chuid dá chritéir bhronnta le haghaidh conradh soláthair suntasach, rud a léirigh ár n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Bhí an Coimisiún tiomanta d'oiliúint chearta an duine agus chomhionannais don fhoireann a fhorbairt níos mó. Leanadh in 2020 le dámhachtain sparánachta iomaíoch don fhoireann chun tabhairt faoin Diplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas ag an bhForas Riaracháin. Cuireadh tús le clár de sheisiúin oiliúna inmheánacha ar líne ar obair an Choimisiúin don fhoireann in 2020, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine, agus ghlac comhaltaí difriúla páirt i gcúrsaí oiliúna aonair ar na hábhair sin.

Tá ceisteanna eile a sainaithníodh inár measúnú faoi réir forbairt leanúnach. Tuairisceofar ar an dul chun cinn orthu siúd, agus ar thuilleadh dul chun cinn ar na ceisteanna thuasluaite, thar imeacht an timthrialla straitéisigh.

Aguisíní



Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin le haghaidh 2020

An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney

Stiúrann Sinéad Gibney Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina mhisean sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas agus a chuireann chun cinn iad. Ba í Sinéad an chéad Stiúrthóir ar an gCoimisiún ó 2014–2016, agus roimhe sin thóg sí agus stiúir sí feidhm freagrachta sóisialta corparáidí Google Ireland, Social Action. Bhíodh Sinéad ina cathaoirleach ar bhord One Family agus d'fhóin sí ar roinnt boird eile: Digital Charity Lab, Victims' Rights Alliance, agus grúpa comhairleach tionscail an Taighde Fhreagraigh agus na Nuálaíochta Freagraí.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

Jim Clarken

Is é Jim Clarken Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Oxfam Ireland agus tá sé ina Stiúrthóir Feidhmeannach ar Oxfam International. Tá taithí fhairsing ceannaireachta agus rialachais chorparáidigh aige, ag obair ar leibhéal na hardbhainistíochta agus an bhoird san earnáil chorparáideach agus in earnáil idirnáisiúnta na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha le nach mór tríocha bliain anuas. Bhí sé i bhfách go mór le cearta na mban riamh anall, agus spreag Jim fócas ar inscne ag Oxfam agus stiúir sé an Irish Consortium on Gender Based Violence. Bhí baint aige le bunú Irish Refugee and Migrant Coalition, Stop Climate Chaos, Irish Coalition for Business and Human Rights agus is iarchathaoirleach é ar Dóchas.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

An Dr Frank Conaty

Is Ánra de Chuntasóirí Cairte na hÉireann é an Dr Frank Conaty agus ball den fhoireann teagaisc i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J. E. Cairnes in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chuir taithí mhuintir Frank ar mhíchumas bonn eolais faoina chúlra in eagraíochtaí pobail agus neamhbhrabúis, agus áirítear leis sin sé bliana ar bhord agus mar chathaoirleach ar the National Parents & Siblings Alliance, eagraíocht náisiúnta a phléann le cearta agus abhcóideacht míchumais. Is ball cleamhnaithe den fhoireann teagaisc é freisin san Ionad um Dhlí agus Beartas Míchumais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá Frank ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023

Patrick Connolly

Is é Patrick Connolly Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Aoisghníomhaíocht Éireann, eagraíocht náisiúnta abhcóideachta a bhíonn ag obair chun beartais agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do dhaoine agus iad ag dul in aois. Roimhe seo, bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ionchuimsiú Éireann, eagraíocht náisiúnta a oibríonn ar son cearta daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Cairde ar feadh 14 bliana.

Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023 (d'éirigh as Feabhra 2020)

An tOllamh Caroline Fennell

Is Ollamh le Dlí í an tOllamh Caroline Fennell i Scoil an Dlí i gColáiste na hOllscoile Corcaigh (UCC), áit a ndíríonn a cuid taighde ar cheartas coiriúil agus dlí na fianaise, le béim faoi leith ar inscne agus comhionannas, agus cruthú ceart agus chothrom na Féinne i ngéarchéim. Tá tiomantas láidir ag Caroline don

idirdisciplíneacht san ardoideachas, agus bhí sí ina comhalta bunaithe ar Bhord Léann na mBan agus an M.A. i Léann na mBan in UCC, agus ina comhalta bunaithe agus ina comh-Stiúrthóir ar an Ionad um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine. Ceapadh Caroline ina Cathaoirleach ar an gCoiste Frithchiníochais Neamhspleách le déanaí (2020). Glacadh mar chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann í in 2009.

Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023

Michael Finucane

Is atur nae agus gníomhaí ar son chearta an duine é Michael Finucane atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Is é an Príomhdhlíodóir é ina ghnóthas dlí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a dhíríonn ar chosaint coirpeach agus dlíthíocht chearta an duine. Is Comhalta Coiste Chearta an Duine é i nDlí-Chumann na hÉireann, a raibh sé ina chathaoirleach air ó 2012 go 2014 freisin, agus is sainchomhairleoir agus oiliúnaí é le tionscadal SUPRALAT in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath/Dlí-Chumann na hÉireann.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

Heydi Foster Breslin

Is í Heydi Foster Breslin an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar An Cosán, an eagraíocht oideachais pobail is mó in Éirinn. Roimhe sin, bhí Heydi ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Misean Cara, gníomhaireacht forbartha Éireannach a oibríonn le cuid den pobail is imeallaithe agus is leochailí i dtíortha i mbéal forbartha. Bhí Heydi ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Sheirbhís Náisiúnta Lucht Siúil Exchange House Ireland freisin. Is as Guatamala ó dhúchas do Heydi, agus tá an-taithí aici i mórán tíortha ar oibriú ar son comhionannais, chearta an duine agus seirbhísí sóisialta a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh, lena n-áirítear páistí, mná, dídeanaithe, agus daoine atá easáitithe ina dtír féin agus daoine de na pobail Lucht Siúil, Latino, Mheiriceánacha

Afracacha, Sintíoch agus Romach. Tá Heydi ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023

Tony Geoghegan

D'oibrigh Tony i réimse na handúile le tríocha bliain anuas in Éirinn agus sa Bhreatain. Bhí Tony ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Merchants Quay Ireland, Seirbhísí Drugaí agus do Dhaoine Gan Dídean, ar feadh 28 bliain. Is sainchomhairleoir andúile creidiúnaithe agus maoirseoir cliniciúil é agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Addiction Counsellors of Ireland. Is é ionadaí na hÉireann é faoi láthair ar an nGrúpa Saineolaithe ar Bheartais Drugaí agus Cearta an Duine: uirlis féinmheasúnaithe de chuid Ghrúpa Pompidou i gComhairle na hEorpa.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

Adam Harris

Is é Adam Harris Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin AslAm, Carthanas Náisiúnta Uathachais na hÉireann. Bhunaigh Adam an eagraíocht bunaithe ar a thaithí féin ag fás aníos ar speictream an uathachais. Cuireann AslAm tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus dá muintir, bíonn sé ag obair ar son an phobail agus oibríonn sé chun tacú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideacha agus le pobail éirí ionchuimsitheach agus inrochtana.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

An tOllamh Kathleen Lynch

Is socheolaí í an tOllamh Kathleen Lynch agus chaith sí a saol oibre ar fad ag cur comhionannas, cearta an duine agus ceartas sóisialta chun cinn trí oideachas agus taighde. D'fhoilsigh sí ocht leabhar agus 300 alt ar gach cineál ceiste comhionannais. Bhí ról lárnach aici i mbunú an

Ionaid Léann Comhionannais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) in 1990 agus i Scoil na Córa Sóisialta in 2004/5. Chomh maith leis sin, stiúir sí forbairt an M.Sc. agus an Diplóma i Léann an Chomhionannais in UCD in 1990, d'fhorbair sí roinnt cláir For-rochtana i Léann an Chomhionannais i gcomhar le Grúpaí Pobail in imeacht tríocha bliain, agus bhí sí i dtús cadhnaíochta maidir le BCL (Dlí agus Cóir Sóisialta) a fhorbairt le Foireann Teagaisc Dlí UCD in 2013/14.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

An Dr Salome Mbugua

Is taighdeoir, gníomhaí ar son comhionannas inscne agus tacadóir do chearta an duine í an Dr Salome Mbugua. Is í bunaitheoir agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin AkiDwA – Líonra na nImirceach Ban í agus tá taithí os cionn fiche bliain aici ar oibriú le grúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe mná, páistí agus an t-aos óg, san Eoraip, san Afraic agus go hidirnáisiúnta. Ó 2015 i leith, tá sí ag tacú le forbairt Wezesha, eagraíocht forbartha faoi stiúir Dhiaspóra na hAfraice a thacaíonn le mná agus páistí a raibh tionchar, nó ar dócha go mbeidh tionchar, ag coimhlíntí, foréigean, cogáíocht agus bochtanas orthu, le treoirthionscadail sa Chéinia agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá Salome ina cathaoirleach ar Líonra Eorpach na nImirceach Ban agus suíonn sí ar Ghrúpa Saineolaithe an Aontais Eorpaigh ar Imirce Eacnamaíoch.

Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023

An Dr Rosaleen McDonagh

Is bean den Lucht Siúil í an Dr Rosaleen McDonagh atá faoi mhíchumas. Is as Sligeach ó dhúchas di, agus is í an ceathrú páiste is sine i gclann fiche páiste í. D'oibrigh sí in Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh ar feadh deich mbliana, ag bainistiú an chláir 'Foréigean in aghaidh Ban', agus tá sí ina comhalta boird

de fós. Scríobhann sí go rialta don Irish Times, agus scríobh sí bunaithe ar a léargas mar fheimineach ón Lucht Siúil. Áirítear le hobair Rosaleen mar dhrámadóir Mainstream, The Baby Doll Project, Stuck, She's Not Mine, agus Rings.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

Sunniva McDonagh

Is Abhcóide Sinsearach í Sunniva McDonagh a chleachtann go príomha i réimse na gceart bunúsach, riaracháin agus dlí bhunreachtúil. D'oibrigh sí ar go leor cásanna ceannródaíocha, lena n-áirítear i réimse na himirce agus na gceart chun triail chóir i gcásanna drochíde san am atá caite. Tá spéis faoi leith ag Sunniva i gcearta an duine agus Riail an Dlí. Tá sí ina Leas-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha, is iar-Chathaoirleach í ar an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, agus is í an Cathaoirleach reatha í ar an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Is Comhalta í den Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine sa Gharda Síochána, agus Comhalta de Chomhairle Preasa na hÉireann. Tá Sunniva ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2019.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

An Dr Lucy Michael

Is socheolaí cleachtach í an Dr Lucy Michael agus sainchomhairleoir ar cheisteanna comhionannais agus imeasctha. Tugtar aghaidh go háirithe ina cuid oibre ar fhoréigean agus idirdhealú ciníoch, taithí íospartach, agus ról na n-institiúidí reachtúla agus na sochaí sibhialta i gcur i gcoinne na coireachta fuatha agus eisiaimh. Thug Lucy faoi thaighde le réimse leathan comhlachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe agus an Líonra Eorpach i

gcoinne an Chiníochais. Is comhúdar í le INAR ar chóras tuairiscithe teagmhas ciníoch ar iReport.ie, córas a úsáidtear chun an ciníochas in Éirinn a mhapáil. Bhí poist léachtóireachta aici roimhe seo le hOllscoil Uladh agus Ollscoil Hull, agus is iar-Uachtarán í ar an Sociological Association of Ireland.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

An tOllamh Ray Murphy

Is ollamh é Ray Murphy in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in OÉ, Gaillimh. Chomh maith lena phost in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in OÉ, Gaillimh, is comhalta é freisin d'fhoireann na hInstitiúide Idirnáisiúnta d'Imscrúduithe Coiriúla. Ba é Saineolaí Sinsearach na hÉireann é ar Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus comhalta de Choiste Feidhmiúcháin Chomhlachas na nInstitiúidí um Chearta an Duine. Ba chomhalta agus Leas-Chathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Amnesty International (Ireland) é Ray. Thug sé faoi oiliúint freisin thar ceann Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, No Peace without Justice, Amnesty International, na Náisiún Aontaithe, agus International Institute for Humanitarian Law agus Pearson Peacekeeping Centre (Ceanada). Tá Ray ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2019.

Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025

Colm O'Dwyer SC

Is abhcóide Éireannach (Abhcóide Sinsearach) é Colm O'Dwyer SC a speisialaíonn i gcearta an duine, cosaint idirnáisiúnta agus dlíthíocht an dlí phoiblí. Pléadálann sé os comhair na nUaschúirteanna in Éirinn go rialta agus phléadáil sé d'iaratasóirí/ghearánaithe nó amicus curiae i roinnt cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh suntasacha a luaitear go minic a bhaineann le dlí chearta an duine in Éirinn,

an Aontais Eorpaigh agus saoránachta. Is iarchomhalta de Chomhairle Bharra na hÉireann é Colm agus ba é an chéad chathaoirleach é ar Choiste Chearta an Duine i gComhairle Bharra na hÉireann. Bhíodh sé ina chathaoirleach ar Ruhama freisin, eagraíocht neamhrialtasach a chabhraíonn agus a thacaíonn le mná a mbíonn tionchar ag striapachas orthu agus le híospartaigh gáinneála.

Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023

Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin

Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún in 2020. Reáchtáladh cúig chruinniú urghnácha de chuid an Choimisiúin freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Faigheann comhaltaí an Choimisiúin táille bhliantúil €7,695.

Cuireadh tús le téarma oifige an naonúir comhaltaí Coimisiúin nua, an Príomh-Choimisinéir ina measc, ar an 31 Iúil 2020, agus bhí na táillí laghdaithe dá bhrí sin, mar a leagtar amach sa tábla thíos.

D'éirigh comhalta amháin as an gCoimisiún i mí Feabhra 2020 sular tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 31 Bealtaine 2023, agus d'éascair táille laghdaithe as sin freisin.

Ceapadh an Príomh-Choimisinéir ar an 31 Iúil 2020 agus áirítear a luach saothair in Aguisín 5.

In 2020, ní bhfuair triúr comhaltaí, Frank Conaty, Caroline Fennell agus Ray Murphy, táille ar bith faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

Comhaltaí an Choimisiúin	Gnáth-chruinnithe	Cruinnithe Urghnácha	Táillí 2019 €	Speansais*** 2019 €
Sinéad Gibney*	3 as 4	2 as 2		
Jim Clarken*	4 as 4	2 as 2	€3,220.19	
Frank Conaty	8 as 8	4 as 5		
Patrick Connolly**	1 as 1	1 as 1	€1,154.25	
Caroline Fennell	7 as 8	5 as 5		€1,385.00
Michael Finucane*	4 as 4	1 as 2	€3,220.19	
Heydi Foster Breslin	8 as 8	5 as 5	€7,695.00	€735.00
Tony Geoghegan	8 as 8	3 as 5	€7,695.00	€738.00
Adam Harris*	4 as 4	2 as 2	€3,220.19	
Kathleen Lynch*	4 as 4	2 as 2	€3,220.19	
Salome Mbugua	7 as 8	3 as 5	€7,695.00	
Rosaleen McDonagh*	4 as 4	1 as 2	€3,220.19	
Sunniva McDonagh*	4 as 4	1 as 2	€3,220.19	€319.00
Lucy Michael*	4 as 4	1 as 2	€3,220.19	
Ray Murphy*	4 as 4	2 as 2		
Colm O'Dwyer	8 as 8	5 as 5	€7,695.00	

*Cuireadh tús le téarma oifige an naonúir comhaltaí Coimisiúin nua, an Príomh-Choimisinéir ina measc, ar an 31 Iúil 2020.

Léiríonn an taifead ar fhreastal le haghaidh gach comhalta an líon cruinnithe a reáchtáladh agus iad in oifig.

D'fhreastail comhaltaí ar chruinniú iomlánach ar an 28 Iúil 2020 mar bhreathnóirí.

**D'éirigh Patrick Connolly as i mí Feabhra 2020

Aguisín 3: Freastal ar Choistí

An Coiste Beartais agus Taighde	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
Sinéad Gibney*	2 as 2*
Frank Conaty	6 as 7
Patrick Connolly**	1 as 1
Caroline Fennell	6 as 7
Heydi Foster Breslin	3 as 5
Tony Geoghegan	4 as 5
Adam Harris*	0 as 2*
Kathleen Lynch*	2 as 2*
Salome Mbugua	4 as 7
Lucy Michael*	2 as 2*
Colm O'Dwyer	7 as 7

*Ceapadh Sinéad Gibney, Adam Harris, Kathleen Lynch agus Lucy Michael ar an gCoiste Beartais agus Taighde ag an 43ú Gnáthchruinniú Iomlánach ar an 22 Meán Fómhair 2020

**D'éirigh Patrick Connolly as i mí Feabhra 2020

An Coiste Cásoibre	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
Sinéad Gibney*	4 as 4
Frank Conaty	2 as 6
Patrick Connolly**	1 as 2
Caroline Fennell	10 as 10
Michael Finucane*	2 as 3
Heydi Foster Breslin	5 as 7
Tony Geoghegan	7 as 7
Salome Mbugua	5 as 7
Lucy Michael*	1 as 3
Sunniva McDonagh*	3 as 3

Ray Murphy*	3 as 3
Colm O'Dwyer	10 as 10

*Ceapadh Sinéad Gibney, Michael Finucane, Lucy Michael, Sunniva McDonagh agus Ray Murphy ar an gCoiste Cásoibre Dlí ag an 43ú Gnáthchruinniú Iomlánach ar an 22 Meán Fómhair 2020.

**D'éirigh Patrick Connolly as i mí Feabhra 2020

An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
Sinéad Gibney	2 as 3
Frank Conaty	7 as 7
Gary Allen	6 as 7
Bernie Bradley	6 as 7
Jacqui Browne	7 as 7
Adrian Carroll	7 as 7
John Bosco Conama	7 as 7
Michelle Gaynor	7 as 7
Eliona Gjecaj	6 as 7
Brian Hayes	5 as 7
Adam Harris**	2 as 2
Rosaleen McDonagh*	6 as 7
Kieran Murphy	6 as 7
Vivian Rath	5 as 7

*Ceapadh Rosaleen McDonagh mar Chomhalta Ceannais ar an gCoiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais ag an 43ú Gnáthchruinniú Iomlánach ar an 22 Meán Fómhair 2020. Sular ceapadh ar an gCoimisiún í, bhí sí ina comhalta den Choiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais.

**Ceapadh Adam Harris mar Leas-Chomhalta Ceannais ar an gCoiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais ag an 43ú Gnáthchruinniú Iomlánach ar an 22 Meán Fómhair 2020.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
John Maher (<i>An Cathaoirleach Seachtrach</i>)	4 as 4
David Scott (<i>An Leas-Chathaoirleach Seachtrach</i>)	3 as 4
Heydi Foster Breslin	4 as 4
Frank Conaty	3 as 4
Rosaleen McDonagh*	1 as 1
Adam Harris*	1 as 1

*Ceapadh Rosaleen McDonagh agus Adam Harris ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an 43ú Gnáthchruinniú Iomlánach ar an 22 Meán Fómhair 2020.

An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
Tony Geoghegan (<i>An Cathaoirleach</i>)	3 as 3
Kathleen Lynch (<i>An Leas-Chathaoirleach</i>)*	1 as 1
Jim Clarken*	1 as 1
Brian Callinan, Ibec	1 as 3
Meadbh Costello, Ibec	2 as 3
Seamus Dooley, NUJ	2 as 3
Nichola Harkin, Ibec	2 as 2
Norman Harkin, Iarnród Éireann	2 as 3
David Joyce, ICTU	3 as 3
Dr Kara McGann, Ibec	3 as 3
Deirdre O'Connor, INTO	1 as 1

*Ceapadh Kathleen Lynch agus Jim Clarken ar an gCoiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí ag an 43ú Gnáthchruinniú Iomlánach ar an 22 Meán Fómhair 2020.

Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin

Bhí 62 comhalta foirne sa Choimisiún amhail an 31 Nollaig 2020, leis an struchtúr grád seo a leanas:

Grád	Líon Foirne
Stiúrthóir	1
Príomhoifigeach	4
Cuntasóir Gairmiúil, Grád I	1
Príomhoifigeach Cúnta	10
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	11
Oifigeach Riaracháin	10
Ardfheidhmeannach Dlíthiúil	1
Feidhmeannach Dlíthiúil	3
Oifigeach Feidhmiúcháin	10
Oifigeach Cléireachais	11
IOMLÁN	62

Aguisín 5: Nochtadh Airgeadais Breise

Maoinítear an Coimisiún trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2020 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2020.

Éilítear sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016* go ndéanfaidh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais agus luach saothair, agus leagtar amach iad sin thíos:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad i gcatagóirí de réir na mbandaí seo a leanas:

Sochair fostaithe ghearrthéarmacha	Líon Fostaithe sa Bhand	
€	2020	2019
60,000-69,999	2	3
70,000-79,999	6	5
80,000-89,999	2	3
90,000-99,999	1	-
100,000-109,999	-	-
110,000-119,999	2	2
120,000-129,999	-	-
130,000-139,999	-	1
140,000-149,999	-	-

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nocht seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus iocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

Sochair Fostaithe an Phríomhphearsanra Bainistíochta	2020 €	2019 €
Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin	54,476	65,255
Tuarastal (an Príomh-Choimisinéir san áireamh)	572,360	647,947
Liúntais	-	-
Sochair foirceanta	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	626,835	717,222

Áirítear le príomhphearsanra bainistíochta an Choimisiúin comhaltaí an Choimisiúin, lena n-áirítear an Príomh-Choimisinéir lánaimseartha, an Stiúrthóir agus comhaltaí na Foirne Ard-bhainistíochta. Léiríonn na figiúirí an fíorluach saothair don tréimhse.

Tuarastal an Phríomh-Choimisinéara	2020* €	2019 €
Buntuarastal	56,844	125,356
Árachas Sláinte	-	-
Iomlán	56,844	125,356

*Thosaigh téarma an Phríomh-Choimisinéara nuacheaptha ar an 31/07/2020.

Tuarastal an Stiúrthóra	2020 €	2019 €
Buntuarastal	115,953	111,424
Árachas Sláinte	-	-
Iomlán	115,953	111,424

Costais Sainchomhairleoireachta	2020 €	2019 €
Táillí dlí	-	15,509
Comhairleach	6,775	-
Iomlán	6,775	15,509

Tabhair faoi deara: Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinisithe na gnáthoibre.

Ní áirítear sna táillí dlí táillí a íocadh le dlíodóir a d'fhostaigh an Coimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla dlíthiúla.

Taisteal agus Cothabháil – Intire agus Idirnáisiúnta	2020 €	2019 €
Taisteal Intíre		
- An Coimisiún*	1,669	7,117
- Fostaithe	11,345	22,750
Taisteal Idirnáisiúnta		
- An Coimisiún*	1,507	5,815
- Fostaithe	2,439	26,293
Iomlán	16,960	61,974

*áirítear ann €2,163 (2019: €8,490) a íocadh go díreach le comhaltaí Coimisiúin (gan an Príomh-Choimisinéir san áireamh) in 2020. Baineann an t-iarmhéid €1,014 (2019: €4,442) le caiteachas a d'íoc an Coimisiún thar ceann comhaltaí Coimisiúin.

Costais Dlí agus Socruithe

Ní raibh aon chostais dá leithéid ann in 2020.

Costais Fáilteachais	2020 €	2019 €
Fáilteachas Foirne	-	-
Fáilteachas Tríú Páirtí	-	1,319
Iomlán	Nialas	1,319

Aguisín 6: Foilseacháin

Foilseacháin Chorporáideacha

- » Annual Report 2019 / Tuarascáil Bhliantúil 2019, Iúil 2020

Treoracha Eolais

- » Treoirnóta – Covid-19 agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, Lúnasa 2020
- » Cabhrú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine: Uirlis do chur chuige sainchomhairleachta, Meán Fómhair 2020
- » Cabhrú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine: Uirlis le haghaidh measúnú bunaithe ar fhianaise ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine, Meán Fómhair 2020
- » Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015: Treoir faoi do chearta má dhéantar idirdhealú ort san ionad oibre nó nuair atá post á lorg agat, an dara heagrán, Deireadh Fómhair 2020
- » Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018: Treoir faoi do chearta má dhéantar idirdhealú ort nuair atá earraí nó seirbhísí á rochtain, an dara heagrán, Deireadh Fómhair 2020

Tuairisciú Idirnáisiúnta

- » Submission to the UN Committee against Torture on the List of Issues for the Third Examination of Ireland, Eanáir 2020
- » Submission to the United Nations Committee on the Elimination of Discrimination Against Women on the

follow-up procedure to Ireland's combined sixth and seventh periodic report, Lúnasa 2020

Ráitis Beartais agus Aighneachtaí

- » Submission to the Department of the Taoiseach on the European Semester 2020 and the National Reform Programme, Márta 2020
- » Litir chuig an Taoiseach maidir le Paindéim Covid-19, Márta 2020
- » Litir chuig páirtithe polaitiúla maidir le Clár an Rialtais, Aibreán 2020
- » Litir chuig Coimisinéir na nGardaí maidir le Póilíneacht Cumhachtaí Covid-19, Bealtaine 2020
- » Litir chuig an Aire Airgeadais & Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe TD, Bealtaine 2020
- » Litir chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh TD, maidir le Córas na nGrád Ríofa, Bealtaine 2020
- » Litir chuig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty TD, Bealtaine 2020
- » Comments on Ireland's 17th National Report on the Implementation of the European Social Charter, Meitheamh 2020
- » Statement on eliminating racial discrimination in all its forms in Ireland, Meitheamh 2020
- » Covid-19 Committee Written Submission – The Impact of Covid-19 on People with Disabilities, Meitheamh 2020

- » Observations on National Guidance on Prioritisation in Access to Critical Care in a Pandemic, Iúil 2020
- » Aighneacht le cur faoi bhráid Chruinniú Comhairliúcháin Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Ciníochais, Iúil 2020
- » Submission to the Special Committee on Covid-19 Response Regarding the Adequacy of the State's Legislative Framework to Respond to Covid-19 Pandemic and Potential Future National Emergencies, Meán Fómhair 2020
- » Aighneacht le cur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais ar a chlár oibre, Samhain 2020

Tuarascálacha Taighde

- » Continuing EU Citizenship "Rights Opportunities and Benefit" in Northern Ireland after Brexit. Sylvia de Mars, Colin Murray, Aoife O'Donoghue agus Ben Warwick, Márta 2020
- » Legal analysis of incorporating into UK law the birthright commitment under the Belfast (Good Friday) Agreement 1998. Alison Harvey, Márta 2020
- » Hidden Versus Revealed Attitudes: A List Experiment on Support for Minorities in Ireland. Frances McGinnity, Mathew Creighton agus Éamonn Fahey, Iúil 2020

Aguisín 7: Scéim Deontas

In 2020, lean an Coimisiún ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thionscadail faoi Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais dá chuid. Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích i rith 2020 de bharr deontais a bhronn an Coimisiún in 2018 agus 2019:

Eagraíocht	Tionscadal
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe	Thóg an tionscadal seo ar obair a rinne Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe go dtí seo ar Dhualgas na hEarnála Poiblí, agus é d'aidhm leis cultúr a threisiú ar fud na hearnála poiblí atá tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint go réamhghníomhach.
Community Law and Mediation	I ndiaidh aitheantas na hÉireann d'Eitneacht Lucht Siúil le deireanaí, thug an tionscadal seo faoi athbhreithniú dlí ar chomh hiomchuí agus chomh leordhóthanach agus atá an Scéim Iasachta Carbhán.
Free Legal Advice Centres	Tuarascáil mhionsonraithe a thabhairt chun tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí i gcomhlachtaí poiblí éagsúla a bhfuil ról lárnach acu i gcóras ceartais na hÉireann.
Ionchuimsiú Éireann	Oiliúint feasachta agus tógála cumais a chur ar fhoireann sna húdaráis Áitiúla maidir lena n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Oiliúint a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus dá lucht tacaíochta maidir le tuiscint ar a gcearta agus cosaint a gceart faoin Dualgas.
Community Action Network CAN	Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn i measc úsáideoirí seirbhíse ar a gcearta daonna agus comhionannais agus ar Dhualgas na hEarnála Poiblí, ag tacú leis an ngrúpa leochaileach seo de dhaoine a bhfuil cearta acu le foghlaim leis an gcóras gearán a úsáid agus aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a d'ainmnigh siad mar ábhar imní dóibh.
Chester Beatty	Tuiscint idirchultúrtha agus éagsúlacht a chur chun cinn trí Chlár Scoile Idirchultúrtha nua nuálach ar an láthair, chomh maith le hacmhainní foghlama digiteacha a ceapadh chun cur le comhtháthú sóisialta agus folláine aonair agus chomhchoiteann gach páiste in Éirinn, beag beann ar shrianta tíreolaíocha. Feasacht a mhéadú, oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí agus acmhainní foghlama inbhuanaithe a chur ar fáil lena roinnt le scoileanna chun foghlaim idirchultúrtha a spreagadh agus chun tacú léi, mar a léirítear i sna daonraí cultúrtha ilghnéitheacha atá ann anois i scoileanna agus pobail na hÉireann.
Fóram Idirchreidimh Bhaile Átha Cliath	Tionscnamh tuairiscithe, taifeadta agus freagartha idirchreidimh a fhorbairt maidir le Coireacht Fuatha chun cur le comhtháthú sóisialta agus é a spreagadh in Éirinn idirchultúrtha agus ilchreidmheach.
Nasc – an Lárionad do Chearta Imirceach agus Teifeach	Tabhairt faoi thaighde chun imeascadh agus ionchuimsiú níos mó teifeach agus a dteaghlach i sochaí na hÉireann a chur chun cinn trí aird a tharraingt ar an ngá atá le tacaíochtaí agus seirbhísí breise a sholáthar do theaghlaigh a thagann anseo trí athaontú teaghlaigh.

Eagraíocht	Tionscadal
Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann (IFPA)	Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm trí chur chuige bunaithe ar chearta agus ar an othar a chur chun cinn maidir le soláthar cúram ginearálta in Éirinn.
Comhairle um Chearta an Duine	Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí Dualgas na hEarnála Poiblí a úsáid chun a chinntiú go n-urramaítear cearta an duine sa chóras Cróinéara, le gníomhaíochtaí, oiliúint agus moltaí don athchóiriú reachtaíochta a d'eascródh as.
Coláiste Cheatharlach – Naomh Pádraig (Tionscadal Comhoibriúcháin)	Scéalta ban eitneach mionlaigh (mná den Lucht Siúil ina measc) a chónaíonn i gceantar Cheatharlach a thaifeadadh chun acmhainn a chruthú do mheánscoileanna a bhfuil d'aithne leis feachtas agus infheictheacht na héagsúlachta cultúrtha sa phobal a mhéadú.
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach*	Teastas i dTógáil Cumais agus Feabhsú Ceannaireachta i gclár Éagsúlachta agus Tuisceana Idirchultúrtha a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí chun tacú leo ceisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais, idir shonrach agus mheasctha, a bhaineann lena n-obair do dhaoine a úsáideann a seirbhísí agus do chomhlachtaí foirne, a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.
Tionscadal Lucht Siúil Tuaithe Thiobraid Árann	Daoine óga sa Lucht Siúil a chumasú le todhchaí níos fearr a thógáil dóibh féin trí spás a chruthú leo inar féidir leo teacht le chéile chun a gcumas agus a bhféidearthacht a nochtadh, teacht ar réitigh ar a ndúshláin, agus a nguthanna uathúla féin a fhorbairt.
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Lárionad Frithbhulaíochta	Sraith treoirilínte a fhorbairt do mhúinteoirí Oideachas Reiligiúin a oibríonn le scoláirí ag a bhfuil creideamh mionlaigh agus scoláirí eile in Iar-bhunscoileanna na hÉireann, agus é mar aidhm leis fianaise taighde a thógáil agus feachtas agus tuiscint a mhéadú ar na dúshláin agus deiseanna a imríonn tionchar ar sholáthar comhionannais agus measa do chearta an duine chun saoirse le creideamh mionlaigh a chleachtadh.
An Cosán - The Shanty Educational Project Limited*	Tionscadal Oideachais: I gcomhpháirt le hlarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta sa Soláthar Díreach chun clár foghlama cumais a chruthú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chearta fostaíochta, rannpháirtíocht shaoránach agus ionchuimsiú sóisialta na rannpháirtithe.
Cónaidhm na hÉireann um Míchumas*	Feachtas agus tuiscint a chur chun cinn i measc úsáideoirí seirbhíse ar a gcearta daonna agus comhionannais agus ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine; tacú leis an ngrúpa leochaileach sin de dhaoine a bhfuil cearta acu leis an gcóras gearán a úsáid agus aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a d'ainmnigh siad mar ábhar imní dóibh.
Aoisghníomhaíocht Éireann	It's My Life: Informing a Human Rights & Equality Perspective on the Design & Implementation of Home Care Supports and Assisted Decision Making Tuarascáil a fhorbairt ar chomhráite rannpháirtíochta le daoine níos sine a sholáthair bonn fianaise do dhá staidpháipéar beartais, a chuir léargas chearta an duine agus comhionannais i bhfeidhm ar fhorálacha na Scéime Cúraim Baile (tacaíocht baile) agus ar chur i bhfeidhm an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.
All Ireland Institute of Hospice and Palliative Care (AIHPC)	Tionscadal comhoibriúcháin a chruthaíonn tuiscint ar na dúshláin maidir le cearta an duine a bhaineann le cúram maolaitheach; tugadh faoi thaighde chun go sainaithneofaí riachtanais inniúlachta na ngairmithe cúraim sláinte i gcúram maolaitheach maidir le cearta an duine agus neamhspleáchas i gcinnteoireacht chomhroinnte agus eiticíúil ag deireadh an tsaoil, agus soláthraíodh ceardlanna do ghairmithe cúraim sláinte bunaithe ar na riachtanais a sainaithníodh i gcomhar le daoine a bhfuil riachtanais cúraim mhaolaithigh acu agus cúramóirí.

Eagraíocht	Tionscadal
Amal Women Association	Tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil ó thaobh chearta an duine agus comhionannais ar na constaicí a bhíonn roimh mhná Moslamacha atá ag iarraidh leas a bhaint as seirbhísí máithreachais in Éirinn, agus é mar aidhm leis torthaí a chur ar fáil a chuirfidh bonn eolais faoi fhreagairtí AMAL ar na ceistanna a tharraingeofar anuas agus obair na soláthraithe seirbhísí sláinte.
Blanchardstown Traveller Development Group	Strengthening Travellers capacity to advocate for accommodation rights Bhí sé d'aidhm leis an tionscadal seo oiliúint ar chearta cóiríochta a chur ar fáil don Lucht Siúil i mórcheantar Bhaile Bhlainséir agus a chur ar a gcumas piarthacaíocht mhuiníneach maidir lena gchearta a chur ar fáil do dhaoine eile ón Lucht Siúil sa cheantar.
Cairde	Mental Health Peer Advocates for Minority Ethnic Communities Neamhionannas a mhaolú i réimse na rochtana ar sheirbhísí meabhairshláinte agus torthaí meabhairshláinte le haghaidh pobail mionlach eitneach agus tógáil cumais na bpobal chun aghaidh a thabhairt ar cheistanna inrochtaineachta ar sheirbhísí meabhairshláinte, trí chlár oiliúna forbartha pobail agus ceart le haghaidh Tacadóirí Piara don Mheabhairshláinte.
Community Action Network	Taighde bunaithe ar chearta an duine a thógáil ina bpléifear le soláthraithe, conraitheoirí, tairbhíthe agus pobail atá páirteach i dtionscadail ina Fhóram Tairbhí Pobail; taifeadadh na héachtaí agus dúshláin a bhaineann le clásal sóisialta a chur i gconarthaí soláthair phoiblí chun críche poist a chur ar fáil do dhaoine i bhfad ón margadh saothair agus rinneadh moltaí i gcomhthéacs dhlí an Aontais Eorpaigh um chearta bunúsacha agus Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
Luath-Óige Éireann	Obair chuibhiúil agus téarmaí agus coinníollacha cuibhiúla a sholáthar d'oibrithe luathóige, agus anailís ar phroifisiúnú agus ceardchumannú pá agus coinníollacha laistigh d'earnálacha eile in Éirinn agus an chaoi a bhfuiltear á gcur ar bhonn foirmiúil. Taifeadadh bonnlíne na hearnála cúraim luathóige agus sainaitheandh na príomhspríocanna chun a chinntiú go bhfuil fostaíocht sheasmhach agus shlán ag an bhfoireann agus cuirfear ról Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine san áireamh ann.
European Anti-Poverty Network (EAPN) Ireland CLG	Cur Chuige Pobail i leith Neamhionannas Sláinte a fhorbairt, inar díriodh ar an gceart chun sláinte agus ar an gcaoi a dtugann straitéisí náisiúnta sláinte aghaidh ar neamhionannas sláinte a neartú, agus comhráite le pobail agus grúpaí a mbíonn taithí acu ar neamhionannas sláinte agus atá sa bhaol is mó go bhfuilaingeoidh siad neamhionannas sláinte mar bhonn eolais faoi.
Focus Ireland	Tionscadal taighde beartais comhoibríoch a rinne iniúchadh ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun deireadh a chur leis an neamhionannas agus idirdhealú a bhíonn os comhair teaghlaigh imirceach, i dtéarmaí rochtain ar thithíocht agus ar sheirbhísí easpa dídine.
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Amplifying voices: Córas a fhorbairt chun cumas daoine gan dídean a neartú chun troid ar son a gceart agus iad a bhaint amach; agus a chur ar a gcumas plé le gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí poiblí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
Garryowen Community Development Project	Feasacht a ardú ar easpa dídine agus tithíocht mar cheist phobail agus chearta an duine trí thuarascáil a choimisiúnú ar chearta an duine agus easpa dídine i Luimneach, agus na hoibleagáidí a leagtar amach i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus taithí bheo na ndaoine san áireamh ann.

Eagraíocht	Tionscadal
Fondúireacht Ifrah	Bileog Somáilise ar Chiorrú Ball Giniúna Ban a chur i dtoll a chéile, bileog ina dtugtar breac-chuntas ar na seirbhísí atá ar fáil ag an tSeirbhís Cóireála do Chiorrú Ball Giniúna Ban san Irish Family Planning Association a mhaoiníonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus atá ar fáil saor in aisce. Cuireadh oiliúint freisin ar ambasadóirí deonacha chun feasacht a mhéadú i measc mná Somálacha ar iarmhairtí diúltacha sláinte an Chiorraithe Ball Giniúna Ban, an dlí in Éirinn a chuireann cosc air, agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh siúd a d'fhulaing dá bharr.
Ionchuimsiú Éireann	Promoting the Right to Housing for People with Disabilities Forbairt páipéir beartais ar thithíocht, a raibh anailís comhionannais agus ceart mar bhonn eolais faoi, agus inar cuimsíodh guth daoine atá faoi mhíchumas, as ar eascair acmhainní inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas chun a gceart chun tithíochta a éileamh chomh maith le comhdháil chun an fhoghlaim a roinnt.
Irish National Organisation of the Unemployed (INOUE)	Feasacht a ardú ar an gceart chun obair chuibhiúil trí cheardlanna réigiúnacha agus seimineár, inar éascaíodh comhrá ar obair chuibhiúil agus a thóg feasacht agus tuiscint daoine ar a gceart chun obair chuibhiúil agus an chaoi a mbaineann sé le cearta eile. Chuir an fhoghlaim le forbairt agus cur i bhfeidhm na mbeartas atá mar bhonn agus taca ag gníomhachtú agus seirbhísí fostaíochta.
Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)	Aird a tharraingt ar an gceart chun comhionannas deiseanna atá ag múinteoirí LADT+, agus an ceart go gcaithfí go comhionann leo, ina n-ionad oibre, tríd an ábhar imní, teannais agus idirdhealú caolchúiseach ar bhonn gnéaschlaonadh a léiriú i scannán faisnéise. Úsáideadh an scannán faisnéise in imeachtaí tógála cumais agus feasachta inar pléadh leis na páirtithe leasmhara oideachais ar fad, ceannairí scoile/príomhoidí agus pátrúin scoile go háirithe, agus inar músclaíodh tacaíocht múinteoirí eile.
Kilkenny Traveller Community Movement (KTCM)	Tuascáil taighde chun raon agus bunchúis na difhostaíochta a shainaithint i measc an Lucht Siúil i gcathair agus contae Chill Chainnigh, go háirithe chun an gnáthaistear tríd an bpróiseas oideachais/oiliúna a mhapáil do dhaoine ón bpobal sin agus chun laigí féideartha sa phróiseas a shainaithint chun straitéisí fadtéarmacha féideartha a shainaithint chun rochtain ar fhostaíocht a fheabhsú do phobal an Lucht Siúil i gCill Chainnigh agus straitéisí fadtéarmacha a fhorbairt chun é sin a bhaint amach.
Mental Health Reform	Oiliúint tógála cumais bunaithe ar chearta an duine do 30 duine a bhfuil taithí acu ar dheacrachtaí meabhairshláinte agus/nó daoine muinteartha/tacaithe agus é d'aidhm leis rannpháirtithe a chumhachtú ionas gur féidir leo troid ar son feabhsuithe sa chóras meabhairshláinte.
Mercy Law Resource Centre (MLRC)	Overcoming barriers to accessing adequate housing and homeless provision for minority groups. Chuir Mercy Law Resource Centre tuascáil taighde i dtoll a chéile a mbeidh a chásobair agus a obair bheartais féin mar bhonn eolais faoi, tuascáil ina leagfar amach na constaicí a bhíonn os comhair grúpaí mionlach agus iad ag iarraidh leas a bhaint as teidlíochtaí tithíochta agus easpa dídine agus tairgfear sraith moltaí dearfacha d'údarás áitiúla agus do Ranna Rialtais i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn	Decent work: Promoting the progression of migrant workers in low paid work and their horizontal integration into the labour market. Bhí sé d'aidhm taighde a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú a bhíonn os comhair oibríthe imirceacha chomh maith le comhtháthú níos mó sa mhargadh saothair a chur chun cinn trí thuiscint níos fearr ar rochtain, coinneáil agus bealaí dul chun cinn d'oibríthe imirceacha agus a riachtanais a thaifeadadh.

Eagraíocht	Tionscadal
National Family Support Network CLG	Health Outcomes of Families of Drug Misusers Tabhairt faoi thaighde chun breac-chuntas a thabhairt ar thionchar na mí-úsáide substaintí ar thorthaí sláinte ball teaghlaigh a dtéann sé i gcion orthu, go háirithe deacrachtaí meabhairshláinte, struis agus imní.
Comhairle Náisiúnta na mBan	Workplace Equality, Economic Security and Decent Work for All Women Rochtain ar chosaintí dlí a leathnú do mhná san ionad oibre trí chlinic dlí tiomnaithe a bhunú mar threoirthionscadal chun comhairle a chur ar mhná faoi chúrsaí a bhaineann go díreach le hidirdhealú fostaíochta agus cuireadh eolas a tugadh i dtoll a chéile ar na ceisteanna a bhíonn os a gcomhair, ag baint na príomhfhoghlama as, agus coimisiúnaíodh taighde dlí chun na bearnaí i ndlí fostaíochta a shainaithint agus seoladh Bille um Chearta Ban Oibre ag imeacht clabhsúir.
Comhairle Náisiúnta na nÓg	Supporting Mental Health of Minority-Ethnic Youth Leaders Dhá Seimineár ghearra chónaitheacha a eagrú chun tacú le ceannairí óige mionlach eitneach na dúshláin a bhíonn os a gcomhair maidir lena meabhairshláinte féin a shárú, agus iad ag freagairt do riachtanais ilghnéitheacha a bpobail, agus na deacrachtaí a bhíonn os a gcomhair, go háirithe iad siúd a bhaineann le hidirdhealú ciníoch.
The National Platform of Self Advocates	Improving Access to Paid Employment for People with Intellectual Disability Cur chuige rannpháirtíochta i leith daoine a bhfuil cearta acu ag treorú, ag forbairt agus ag cur tuarascáil taighde i gcrích le tacaíocht ó phríomhthaighdeoir, a léirigh na constaicí roimh fhostaíocht íoctha do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil ó thaobh na ndaoine a bhfuil cearta acu agus na bhfostóirí i dtrí thionscal ar leith: miondiól, teicneolaíocht faisnéise agus fáilteachas.
Obair d'Ógra Éireann	Young People's Rights to Sexual Health Information and Education. Comhdháil náisiúnta óige a eagrú chun feasacht a ardú ar chearta daoine óga chun oideachas agus eolas cruinn agus ionchuimsitheach a fháil faoi shláinte ghnéis, agus guth a thabhairt do dhaoine óga ar na ceisteanna sin agus díriú go sonrach ar chearta sláinte gnéis daoine óga LADTI+ agus daoine óga atá faoi mhíchumas.
ETBI	Creat tacaíochtaí a fhorbairt chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ar fud Earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna.
Comhairle Chontae Fhine Gal*	Acmhainní oiliúna a fhorbairt don phríomhfhoireann i gComhairle Contae Fhine Gal, ag díriú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm agus ar idirchultúrachas.
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Cur chuige comhoibríoch a fhorbairt i leith Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, i gcomhar le húsáideoirí na seirbhísí, maidir le handúile agus cóir leighis agus soláthar seirbhísí.
UCD	Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm san Earnáil Tríú Leibhéal trí fheasacht a ardú, foghlaim a roinnt, tosaíochtaí a shainaithint agus treoirlínte a fhorbairt.

*Cuireadh na tionscadail seo i gcrích in 2019, ach fuair siad a dtráthchuid deontais deiridh in 2020. Dá bhrí sin, pléitear iad i dTuarascálacha Bliantúla 2019 agus 2020 araon.

Aguisín 8: Sonraí 'Do Chearta'

Foras Cosanta	Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018	Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015	Na hAchtanna Deochanna Meisciúla 2003–2008	Iomlán
Aois	49	35	2	86
Stádas Sibhialta	7	2	0	9
Míchumas	207	112	0	319
Stádas Teaghlaigh	35	15	1	51
Inscne	49	67	0	116
Cúnamh Tithíochta	118	0	0	118
Ní Shonraítear	19	26	1	46
Cine	92	55	0	147
Creideamh Reiligiúnach	8	2	0	10
Gnéaschlaonadh	7	9	1	17
Lucht Siúil	19	5	4	28
Iomlán	610	328	9	947

Topaící Chearta an Duine, 2020	Ceisteanna Chearta an Duine, 2020
Riaradh Ceartais/Gnásanna Córa/Triail Chóir – Alt 6/Fiosrú Éifeachtach	41
Iarrthóirí tearmainn/Soláthar Díreach	28
Ceartha an Linbh	2
Comhionannas/Neamh-idirdhealú – Alt 40.1/Alt 14	26
Saoirse Comhthionóil agus Comhlachais – Alt 11	1
Saoirse Tuairimíochta – Alt 10	1
Saoirse Smaointeoireachta, Coinsiasa agus Reiligiúin – Alt 9	1
Ginearálta/Ilgheithreach	62
Drochíde institiúideach san am atá caite	4
Easpa Dídine/Tithíocht Shóisialta & Dálaí Maireachtála	52
Imirce/Athaontú Teaghlaigh/Ceart Fanachta/Saoirse Gluaiseachta	35
Pionós agus Iompar Mídhaonna agus Táireach/Toirmeasc ar Chéastóireacht – Alt 3	4
Príobháideachas, Saol Teaghlaigh, Baile agus Comhfhreagras – Alt 8	28
Toirmeasc ar an Sclábhaíocht agus ar Shaothar Éignithe – Alt 4	0
Cosaint Maoine	2
An Ceart chun Oideachais	6
Ceart chun na beatha – Alt 2	4
Ceart chun oibre/Obair chuibhiúil	67
Ceartha a bhaineann leis an tSláinte, agus Sláine Colainne	22
Coinneáil neamhdhleathach/Coinníollacha coinneála (príosúin, institiúidí eile)	36
Iomlán	422

